SEAI Sustainable Energy Authority of Ireland

Tuarascáil Bhliantúil 2020



# Todhchaí **fuinnimh níos glaine a chruthú d'Éirinn**

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland


Is í an fhís atá againn ná go mbeidh an fuinneamh in Éirinn
inbhuanaithe, slán, inacmhainne agus glan
caith súil ar ár suíomh gréasáin
www.seai.ie
lean muid



# Clár Ábhar

Ráiteas an Chathaoirligh 2
Léirmheas leis an bPríomhfheidhmeannach 4
Gnóthachtálacha don Bhliain 2020 6

ÁR dTIONCHAR
Fuinneamh a Athrú ó Bhonn 10
Sonraí agus Léargais ag SEAI 18
Taighde agus teicneolaíocht 19
Feidhmeanna tarmligthe 20
Buaicphointí 2020 22

RIALACHAS
Tuairisc Éifeachtúlacht Fuinnimh 26
Freagracht Shóisialta Chorparáideach ag SEAI 28
Rialachas Corparáideach 30

AIRGEADAS
Ráiteas Rialachais
Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird 36
An Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha 44
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 46
An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas
agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe 48
An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach 49
An Ráiteas ar Staid an Airgeadais 50
An Ráiteas ar na Sreafaí Airgid 51
Na Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais 52

# Ráiteas an Chathaoirligh

## Ba bhliain í 2020 nach raibh cosúil le bliain ar bith eile le cuimhne na ndaoine. Ar fud an domhain, bhí ar dhaoine oiriúnú do shlite maireachtála eile, do mhodhanna oibre nua agus do mhodhanna eile chun seirbhísí a sholáthar. B'oscailt súil í paindéim COVID-19 a chuir i gcuimhne dúinn cé chomh leochaileach agus atá éiceachóras an domhain agus go bhfuil comhoibriú idirnáisiúnta ríthábhachtach d'fhonn dul i ngleic lena leithéid de dhúshláin dhomhanda.

Chomh maith leis sin, i 2020, mar fhreagairt ar an dúshlán domhanda i leith an athraithe aeráide, thug ceannairí gealltanas arís chun bearta práinneacha agus bunathraitheacha a ghlacadh chun téamh domhanda a theorannú. In Éirinn, leagadh síos sprioc le Clár an Rialtais chun laghdú 51% a bhaint amach ar astaíochtaí carbóin faoi 2030, agus chun astaíochtaí nialais a bhaint amach faoi 2050.

Tá SEAI ag croílár aistriú fuinnimh na hÉireann d'fhonn na spriocanna sin a bhaint amach. Tá cuntas teiste láidir againn agus déanfaimid forbairt air sin. Mar thoradh ar an obair atá déanta againn ar feadh deich mbliana, tá níos mó ná ceathrú milliún teach níos teo agus níos éasca chun a reáchtáil, thosaigh níos mó ná 500 pobal chun aistriú go fuinneamh inbhuanaithe, tá na mílte gnólacht níos iomaíche, agus d'fheabhsaigh seirbhísí poiblí na hÉireann a n-éifeachtúlacht fuinnimh ar bhonn suntasach.


Cé go ndeachaigh timthriall na dianghlasála mar thoradh ar COVID-19 i bhfeidhm ar an obair dár gcuid ar an talamh in 2020, ghlacamar leis an deis chun pleanáil a dhéanamh chun iarfheistithe ar fhoirgnimh a luathú go mear a bheidh ag teastáil d'fhonn spriocanna an rialtais a chomhlíonadh. Thacaigh an rialtas leis an obair phleanála nuair a d'ainmnigh sé SEAI mar an Comhlacht Náisiúnta um Sholáthar Iarfheistithe. Beidh tairbhí ollmhóra ann don tsochaí ina hiomláine mar thoradh ar an gclár oibre a chuirfear i bhfeidhm thar na deich mbliana le teacht, ach ar leibhéal an duine aonair freisin déanfar stoc na dtithe in Éirinn a fheabhsú leis agus cinnteofar go mbeidh tithe níos teo, níos sláintiúla agus níos compordaí againn. Léirítear leis nach mbaineann na réitigh atá á gcur i bhfeidhm againn maidir le dúshlán an athraithe aeráide le coigilteas fuinnimh amháin, ach le caighdeán níos fearr na beatha ar an iomlán, le blianta fada le teacht. Beidh SEAI i gceannas ar an gclár bunathraitheach sin, agus úinéirí tithe agus an slabhra soláthair á dtabhairt le chéile chun sin a bhaint amach. Táimid ag tosú ó bhonn láidir agus tuiscint mhaith againn ar an margadh.

Tá sé soiléir ar fud na tíre go bhfuil gluaiseacht ar siúl chun todhchaí nua an fhuinnimh a fhorbairt agus a chruthú trí mhodhanna níos cliste agus níos inbhuanaithe. Tá an earnáil iompair dár gcuid ag athrú go samhail níos ciúine agus níos glaine. Leanann SEAI le tacaíocht a sholáthar d'fhonn feithiclí leictreacha (EVanna) a dhéanamh ina rogha fhíor dóibh siúd a theastaíonn carr uathu. Leag an rialtas spriocanna tábhachtacha síos maidir le húsáid feithiclí leictreacha agus tá déantúsóirí agus an margadh ag freagairt air sin. Feictear feithiclí leictreacha ar na bóithre níos minice agus tá daoine ag smaoineamh faoina gcuid roghanna i rith an ama.

Agus Éire ag iarraidh téarnamh eacnamaíoch a bhaint amach ní mór dúinn sin a láithriú laistigh de chomhthéacs domhanda. Ní mór dár ngnólachtaí a bheith iomaíoch agus inbhuanaithe. Teastaíonn caighdeáin inbhuanaitheachta níos airde ó thomhaltóirí, ó infheisteoirí, ó rialtóirí, agus ó na slabhraí soláthair domhanda a n-oibríonn gnólachtaí laistigh díobh, agus ní mór d'Éirinn a bheith chun tosaigh maidir leis sin. Tá ról lárnach ag SEAI maidir le gnólachtaí Éireannacha a chuidiú oiriúnú do na dúshláin sin.

Is comhpháirtí tábhachtach muidne anois le gnólachtaí atá ag iarraidh a bheith chun cinn.

Níl sna céimeanna seo ach cuid de na céimeanna praiticiúla atá á gcur i bhfeidhm ag SEAI ar an talamh. Dírítear aird orthu mar is ceart mar tá siad ag croílár an téarnaimh. Ach ina dhiaidh sin is uile ní dhéantar na bearta sin gan gach rud a chur san áireamh. Is saineolas agus taighde an bunús atá leo. Leanann SEAI le bheith ina údarás ceannasach maidir le haistriú fuinnimh na hÉireann agus soláthraíonn sé na sonraí, na léargais agus an taighde lena spreagtar nuáil, athrú agus beartas ar fud na sochaí. Is é ról an ról sin a mhaolaítear go minic ach soláthraítear an luach leis a mbíonn go leor páirtithe leasmhara buíoch as. Leis an saineolas agus eolas carntha a choinnítear in SEAI cuirtear i suíomh maith é chun eilimintí a thabhairt le chéile, chun tacú le



hearnálacha agus chun an samhaltú, an measúnú eacnamaíoch agus na sonraí comhshaoil a sholáthair chun athrú a spreagadh agus a threorú.

Agus muid ag féachaint chun cinn, ní mór dúinn in SEAI gníomhartha agus torthaí a dhéanamh de na pleananna atá forbartha againn. Is tréimhse spreagúil agus uathúil í, nuair atá sé de rún againn, i gcomhar lenár gcomhpháirtithe iomadúla, an tsochaí a athrú maidir leis an dóigh a mairimid, a n-oibrímid agus thaistealaímid chun feabhais. Anois táimid ag luí isteach ar chúrsaí. Tá an fhoireann cheannasaíochta á cur ar bun againn chun an eagraíocht a chur ar aghaidh, agus tá na daoine a bhfuil na scileanna riachtanacha acu á bhfostú againn - scileanna teicniúla, cumarsáide agus teagmhála pobail. Ba mhaith liom fáilte a chur roimh ár bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) nua, William Walsh, a bheidh i gceannas ar athrú ó bhonn SEAI d'fhonn ár sainchúram nua a chur i bhfeidhm.

Sa ról dá chuid mar POF eatramhach, threoraigh William an eagraíocht trí dhúshláin na héigeandála sláinte poiblí. Bhí sé ar thús cadhnaíochta freisin sna pleananna uaillmhianacha don Údarás chun dícharbónú na n-earnálacha teasa agus iompair a luathú. Tabharfaidh sé fís agus spreagadh nua don eagraíocht, agus trí shaibhreas na taithí atá aige cuirfidh sé an cheannasaíocht riachtanach ar fáil chun ligean do chomhoibriú comhchoiteann agus do sholáthar spriocthа a bheidh riachtanach thar na blianta le teacht.

Cuirtear cistí suntasacha an státchiste faoi chúram an SEAI, agus tá a fhios againn go han-mhaith nach mór dúinn a bheith follasach agus cuntasach maidir lenár gcinntí caiteachais uile. Ó 2011, choimeád SEAI deimhniú SWIFT 3000 maidir le rialachas corparáideach ón Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI). Ba mhaith liom a dhearbhú dár bpáirtithe leasmhara uile go bhfuil coinneáil an deimhnithe caighdeáin sin fós ina príomhchuspóir dom féin mar Chathaoirleach an Bhoird agus do Bhord SEAI, d'fhonn a chinntiú go n-oibríonn SEAI i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is airde maidir le rialachas corparáideach.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus le hoifigigh a Roinne as a dtacaíocht leanúnach agus sheasmhach do SEAI.

Tríd an gcomhoibriú tábhachtach sin ligtear do chur i bhfeidhm réidh beartais agus cinntítear leis go mbíonn an t-eolas agus an saineolas uile laistigh de SEAI ar fáil ag Éirinn. Táimid ag tnúth le hobair a dhéanamh leis an Rialtas d'fhonn cuidiú leis na spriocanna uaillmhianacha agus riachtanacha a bhaint amach sna blianta atá romhainn.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar Bhord SEAI as a ngealltanas iomlán do rialachas éifeachtach an Údaráis. Ba mhaith liom moladh speisialta a thabhairt do Julie O'Neill, mo réamhtheachtaí mar Chathaoirleach, a d'éirigh as an ról sin i mBealtaine 2020 tar éis ocht mbliana ar an mBord.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le foireann SEAI as a tiomantas agus as a gealltanas sa bhliain seo caite. Ní nach ionadh é go raibh siad inchurtha le gach dúshlán a bhí rompu. Is í an acmhainn is luachmhaire agus is tábhachtaí atá againn ná ár ndaoine. Tugtar a dtiomantas agus a saineolas chun suntais ar bhonn leanúnach san aiseolas a fhaighimid ónár bpáirtithe leasmhara agus ónar gcomhpháirtithe. Is é an méid sin den chuid is mó a chuireann muinín agus díograis ionam don todhchaí Beimid ag croílár an athraithe, ach ní mór dúinn fáilte a chur roimh an athrú mar beidh caighdeán níos fearr na beatha agus todhchaí níos inbhuanaithe do chách ina dtoradh air.

Dermot Byrne

**Dermot Byrne**
Cathaoirleach
Bhord SEAI

# Léirmheas leis an bPríomhfheidhmeannach

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil SEAI le haghaidh 2020 a fhoilsiú. Ní gá a rá go raibh 2020 ina bhliain thar a bheith deacair don tsochaí ina hiomláine agus ina bhliain thar a bheith dúshlánach do gheilleagair náisiúnta agus domhanda.



Ba phríomhfhreagracht de mo chuid é mar POF na heagraíochta ná chun sláinte agus sábháilteacht mo chomhghleacaithe SEAI a chosaint, rud a spreag muid chun ár n-oifigí a fhágáil chun obair a dhéanamh go cianda ó go luath i mí Mhárta. Mar gheall ar infheistíocht leanúnach SEAI sa bhonneagar TF straitéiseach bhí an t-aistriú go hobair ón mbaile beagnach saoráideach. Le linn roinnt laethanta, rinneamar ár bpróisis ghnó agus rialachais a atheagrú ionas go rabhamar in ann raon iomlán ár seirbhísí a sholáthar go héifeachtúil agus go héifeachtach dár gcliaint.

D'ainneoin na ndúshlán soiléir sin, lean le SEAI an gealltanas dochreidte ón tsochaí chun gníomhú ar son na haeráide agus chun athruithe a dhéanamh maidir le húsáid fuinnimh a fheiceáil. Bhí saoránaigh, pobail, gnólachtaí, agus an earnáil phoiblí rannpháirteach. Is cuid suntais í maidir leis sin ná an tinreamh atá ag dul i méid ar na ceardlanna agus imeachtaí iomadúla dár gcuid, agus cuireadh an chuid is mó díobh ar fáil ar líne.

Is cúis an-bhróid dúinn na gaiscí ar fud na gclár dár gcuid, agus chonacthas fás suntasach ina leith. Thar chúrsa na bliana, d'infheistigh SEAI €121 mhilliún de mhaoiniú an Rialtais in aistriú na hÉireann chuig fuinneamh inbhuanaithe.

Is buntáiste é sin ní amháin dár saolta agus don chomhshaol; cuirtear fíor-thorthaí eacnamaíocha ar fáil leis agus coigilteas dar luach €21 mhilliún agus 93,000 tona d'astaíochtaí $CO_2$ a sheachnaítear gach bliain.

In 2020, chuireamar tacaíocht deontais dar luach €60 milliún ar fáil do bheagnach 16,955 úinéir tí chun uasghrádú ar fhuinneamh baile a chur i bhfeidhm, agus 1,615 theach ar bheagán fuinnimh san áireamh. Sa bhreis air sin, chuireamar maoiniú ar fáil do 240 uasghrádú ar shaoráidí pobail agus tráchtála i 39 dtionscadal fuinnimh. Chomh maith leis sin, méadaíodh ár líonra fuinnimh phobail go dtí beagnach 500 balleagraíocht ar fud an stáit, agus níos mó ná 25,000 saoránach á dtabhairt le chéile. Scaip SEAI beagnach 4,000 cóip dár leabhar páistí nua 'Climate SOS' dár saoránaigh óga, rud lena léirítear príomhról na bpaistí maidir lenár uaillmhianta um an aeráid a spreagadh.

Gan amhras, ba é an dúshlán is mó a bhí romhainn ná an dóigh a gcuireadh moill leis na srianta sláinte poiblí ar uasghrádú fuinnimh baile. Ba thosaíocht phríomhúil í na daoine is mó i mbaol agus is leochailí a chosaint, agus de bharr sin cuireadh seirbhísí ríthábhachtacha, saor in aisce ar fionraí don chuid is mó den bhliain. Mar thoradh ar na srianta céanna sin bhí díolacháin carranna níos ísle ann ar fud na tíre.

Ina dhiaidh sin is uile, trí dheontais SEAI cuidíodh le daoine chun níos mó ná 4,800 feithicil leictreach a cheannach mar aon le níos mó ná 3,500 suiteáil luchtaithe baile ar fud na tíre.

Chuireamar níos mó ná €8 milliún ar fáil le haghaidh 90 iarfheistiú ar fhoirgnimh phoiblí agus chuidíomar leis an earnáil phoiblí chun a léiriú go raibh sí i ndáiríre maidir lena ceannasaíocht chun tabhairt faoin dúshlán.

Shábháil baill dár líonra fuinnimh tionsclaíochta mór beagnach €14 mhilliún trí na tionscadail a chuir siad i bhfeidhm, rud lena léiríodh cé chomh tairbhiúil agus atá sé beart luath a dhéanamh. Tá 50 tionscadal againn anois atá tiomanta go hiomláin tríd an Scéim Tacaíochta do Theas In-athnuaite agus gheallamar €5.5 milliún do 85 thionscadal EXEED nua. Chomh maith leis sin sheolamar ár nAcadamh Fuinnimh ar líne do ghnólachtaí agus ba léir go raibh dúil ann san earnáil agus níos mó ná 2,200 síntiúsóir ann sna chéad sé mhí.

Rinneamar infheistíocht dar luach €5.2 milliún i níos mó ná 100 tionscadal taighde maidir le fuinneamh in-athnuaite agus fuinneamh an aigéin.

Rinneamar ár gcuid tacaíochtaí maidir le hanailís beartais agus comhairle ar fud an Rialtais a choimeád ina n-iomláine, ag cuidiú le taca a chur faoi uaillmhianta Chlár an Rialtais trí léargais láidre agus le fianaise. Chuireamar staitisticí agus réamh-mheastacháin fuinnimh náisiúnta d'Éirinn ar fáil, agus eolas á chur ar fáil le haghaidh fardal agus réamh-mheastachán um astaíochtaí. Chuir ár bhfoireann um eacnamaíocht iompraíochta ionchur suntasach ar fáil don lucht déanta beartas maidir leis na saincheisteanna lena spreagtar tomhaltóirí gníomhú i dtaca le fuinneamh inbhuanaithe. Trí shamhaltú fuinnimh substaintiúil, trí anailís ar theicneolaíocht agus trí thorthaí taighde cuireadh taca faoi ullmhú Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide deiridh na hÉireann.


D'óstáil SEAI an chéad Chomhdháil Taighde agus Beartais Fuinnimh Náisiúnta i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Bhí an chomhdháil dírithe ar ról an taighde agus an bheartais maidir le hearnáil teasa na hÉireann a athrú ó bhonn. Mar an gcéanna, chuireamar tús le staidéar cuimsitheach náisiúnta ar theas lena gcruthófar bonn fianaise le haghaidh beartas a cheapadh san earnáil is mó astaíochtaí.

Mar fhreagairt ar mhéadú substaintiúil ar an mbuiséad arna leithdháileadh do SEAI ag an Rialtas, táimid ag ullmhú ár seirbhísí cheana féin chun cuidiú le hÉirinn a luathú ar a bealach i leith gníomhaithe ar son na haeráide.

Is é an fócas is práinní chun cur lenár gcumas mar an Comhlacht Náisiúnta um Sholáthar Iarfheistithe, agus méid agus téagar na n-iarfheistithe á méadú chun an sprioc de leath mhilliún RFF B2 (Rátáil Fuinnimh Foirgnimh) a bhaint amach faoi 2030.

Agus seo á scríobh, tá Éire ag teacht amach go mall ach go réidh as srianta na héigeandála sláinte poiblí. Ní raibh sin indéanta ach le comhcheangal den eolaíocht, de shonraí láidre agus d'fhianaise láidir, de cheannasaíocht láidir agus de ghníomhartha comhchoiteanna agus de ghealltanais shaoránaigh na hÉireann. Agus teastaíonn an comhcheangal ceannann céanna sin uainn má táimid ag iarraidh a bheith inár ngníomhairí freagracha domhanda agus más mian linn Éire a aistriú ó bhreoslaí iontaise. Tá foireann SEAI tiomanta ina hiomláine do thacú le hiarrachtaí gach duine san aistriú sin.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Eamon Ryan agus leis na hoifigigh uile ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, leis an gCathaoirleach, leis an mBord agus le foireann thiomanta SEAI as a bhfócas gan staonadh ar an sprioc seo atá chomh ríthábhachtach.



**William Walsh**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana
na hÉireann

**Thar chúrsa na bliana, d'infheistigh SEAI €121 mhilliún de mhaoiniú an Rialtais in aistriú na hÉireann chuig fuinneamh inbhuanaithe. Is buntáiste é sin ní amháin dár saolta agus don chomhshaol; cuirtear fíor-thorthaí eacnamaíocha ar fáil leis agus coigilteas dar luach €21 mhilliún agus 93,000 tona d'astaíochtaí $CO_2$ a sheachnaítear gach bliain.**

# Roinnt dár nGnóthachtálacha don Bhliain 2020

Infheistíodh
**€121m**
mar mhaoiniú ón Rialtas in aistriú na hÉireann chuig fuinneamh inbhuanaithe

**€21m**
gcoigiltis costas agus seachnaíodh
**93,000 tona**
astaíochtaí sa bhliain

$CO_2$

---

## SAORÁNAIGH AGUS POBAIL

**€60m**
mar thacaíochtaí deontais le haghaidh

**16,955** uasghrádú ar fhuinneamh baile

*lenar áiríodh*

**1,615** theach ar bheagán fuinnimh

**39** dtionscadal fuinnimh pobail a maoiníodh ar fud na hÉireann



tacaíodh le
**4,843**
fheithicil leictreacha nua agus le 3,523 shuiteáil luchtaithe baile

**rinneadh 240 saoráid phobail agus tráchtála** a uasghrádú

## AN EARNÁIL GHNÓ AGUS PHOIBLÍ

€8m arna chur ar fáil do

90 iarfheistiú ar fhoirgnimh phoiblí

2,200

**síntiúsóir don**

Acadamh Fuinnimh nua ar líne do ghnólachtaí meánmhéide a seoladh i lár na bliana

85

tacaíodh le 85 **thionscadal EXEED** nua agus

deimhníodh 14 shócmhainn de réir IS399

€13.9m

a sábháladh trí thionscadail a chuir 199 gcomhalta líonra fuinnimh i dtionscail mhóra i bhfeidhm

## LÉARGAIS BHEARTAIS, TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT

€5m+

i dtionscadail taighde ar fhuinneamh in-athnuaite agus ar fhuinneamh aigéin, agus i dtionscadail forbartha agus taispeánta

**Foilsíodh comhairle theicneolaíochta** i réimsí na gcód cleachtais a bhaineann le hiarfheistiú, le rialacháin thógála, agus le teicneolaíochtaí bithmhaisebiomass technologies

**Cuireadh sonraí maidir le fuinneamh**, samhaltú agus anailís beartais ar fáil don Rialtas i réimsí lenar áiríodh an Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide, an staidéar náisiúnta ar theas, tacaíochtaí le haghaidh fuinneamh in-athnuaite agus eacnamaíocht iompraíochta maidir le húsáideoirí fuinnimh.



# ÁR DTIONCHAR

Oibríonn SEAI le húinéirí tí, le gnólachtaí, le pobail, agus leis an rialtas chun an dóigh a smaoinímid,

**a nginimid agus a úsáidimid a athrú ó bhonn.**



# Tiomáint Leictreach

I staidéar a rinne SEAI le déanaí fuarthas amach nach raibh mórán eolais ag beagnach leath na dtiománaithe ar fheithiclí leictreacha (EVanna) agus conas a oibríonn siad agus dúirt níos lú ceathrú díobh go smaoineoidís ar EV a cheannach mar an chéad charr eile. D'fhonn sprioc an Rialtais de 1 mhilliún feithicil leictreach ar na bóithre a bhaint amach faoi 2030, táimid ag roinnt scéalta maidir le daoine aonair agus gnólachtaí a d'athraigh chuig EVanna agus an spreagadh chun sin a dhéanamh.

## "An chúis le m'athrú chuig EV"




Is ón Ísiltír atá Jan-Bart agus tá sé ina chónaí in Éirinn le 18 mbliana agus ag tiomáint feithicle leictrí (EV) le sé bliana.

Deir sé gurbh í teicneolaíocht na bhfeithiclí leictreacha (EVanna) a mhúscail a spéis iontu, ach ba thairbhe tánaisteach deas é an t-airgead a shábháil sé agus ar ndóigh, chuir na dintiúir ghlasa leis an dea-ghiúmar a bhí air.

Chuaigh Jan-Bart ó **€150 in aghaidh na míosa** a chaitheamh ar pheitreal dá charr hibrideach go **€40 in aghaidh na míosa** ar leictreachas chun an EV a luchtú lena luchtaire baile.charger.

Molann sé go láidir do dhaoine chun costas iomlán na húinéireachta a choinneáil i gcuimhne agus feithicil nua á ceannach acu. Is iad an breosla a shábháiltear, na costais chothabhála laghdaithe, na dreasachtaí dola agus ráta ísle mótarchánach etc a dhéanann an EV ina cheannachán tarraingteach. Déanann beagán mórán thar na blianta. Ar ndóigh, braitheann sé ar an áit ina gcónaíonn an duine, ar mhéid na tiomána a dhéanann siad agus ar líon na gcarranna in aghaidh an bhaile. "Tá roghanna go leor ann do gach duine," deir sé.

Úsáideann Jan-Bart an téarma 'meangadh EV' go minic agus deir sé "an chéad uair riamh agus mise i mo shuí i gcarr leictreach bhí straois go cluas orm. Insím do dhaoine i gcónaí chun turas trialach a dhéanamh agus an t-eispéireas a fháil dóibh féin".



Agus gan ach

## 15 EV acu

**"d'fhonn a chinntiú go seasfaidh ár ngnó an aimsir agus thar aon rud eile le bheith réidh le criosanna astaíochtaí ísle"**



Rogha an fhlít leictrigh le POF Des Travers

# Soláthraíonn DPD le flít leictreach

Tá mol sórtála lárnach DPD suite i mBaile Átha Luain, Contae na hIarmhí, ina bhfuil 400-500 ball foirne lonnaithe Tá 37 n-iostas ar saincheadúnas aige freisin ar fud oileán na hÉireann ina bhfuil beagnach 1,700 duine fostaithe.

In Aibreán 2019, sheol DPD 'ElectriCity', an chéad iostas leictreach agus iostas seachadta beartán leictreach in Éirinn, ag Bóthar an Phoirt Thoir i mBaile Átha Cliath. Tá sé de rún acu seachadadh míle dheireanaigh a sholáthar a bheidh saor ó astaíochtaí i lár chathair Bhaile Átha Cliath. I measc an fhlít tá feithiclí Paxter níos lú, cosúil le cairríní gailf, agus veaineanna leictreacha NV200 Nissan.

Tá Bainisteoir an Chláir Inbhuanaitheachta James Atkinson ag méadú an fhlít EV "d'fhonn a chinntiú go seasfaidh ár ngnó an aimsir agus thar aon rud eile le bheith réidh le criosanna astaíochtaí ísle".

Ar dtús bhí 15 fheithicil leictreacha ag DPD ar na bóithre agus bhí sé chun 11 cheann eile a fháil i Márta 2021. Tá an flít comhdhéanta de raon de mhéideanna, de chineálacha agus de bhrandaí, chun freastal ar cheantair sheachadta éagsúla.

Measann DPD go dtagann dhá thrian de na hastaíochtaí dá chuid ón míle deireanach sin den turas seachadta. Tríd an míle deireanach a dhéanamh saor ó astaíochtaí, tá pleananna uaillmhianacha ag DPD chun na hastaíochtaí foriomlána dá chuid a laghdú.

tá astaíochtaí $CO_2$ laghdaithe cheana féin ag DPD faoi

30 tona

Coigilteas spriocthá ina aghaidh na bliana faoi 2025

300 tona




## An líonra luchtaithe

B'imní lenar bhain ábhar an raon tiomána deich mbliana ó shin ach anois is féidir an chuid is mó de EVanna a thiomáint thar 300 km ar luchtú iomlán agus cuid acu ag dul thar 500 km. Ní thiomáineann mórchuid na dtiománaithe in Éirinn ach 50 km in aghaidh an lae agus dá bhrí sin beidh EV oiriúnach do mhórchuid na dtiománaithe nach mbeidh orthu ach an carr a luchtú dhá uair nó trí huaire sa tseachtain.

Chun cadhnra nó EV hibrideach plugála a luchtú, nascann tú an carr le pointe luchtaithe agus cábla luchtaithe á úsáid. Is í an dóigh is simplí, is coitianta, is éasca, agus is cost-éifeachtúla ná an EV a luchtú ag an mbaile.

Agus luchtaire baile á úsáid, luchtaíonn tú do charr thar oíche. Beidh tú réidh ansin agus lucht iomlán agat le haghaidh do thurais an lá dár gcionn.

Le haghaidh turas atá níos faide, tá líonra ann atá ag dul i méid de **1,200 pointe luchtaithe poiblí** mar aon le luchtú ceann sprice ag ionaid siopadóireachta, ag áiteanna oibre, ag óstáin, ag giomnáisiamaí, agus ag aerfoirt.



# Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe

Ag deireadh 2020, bhí beagnach 500 pobal i Líonra Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe SEAI. Tá na pobail sin ag tabhairt faoi ghníomhú ar son na haeráide ina gceantair féin trí bheith níos tíosaí ar fhuinneamh ina mbailte, ina ngnólachtaí agus ina bhfoirgnimh phobail agus trí aistriú chuig fuinneamh in-athnuaite.



## Difear á dhéanamh sa Mhala Raithní

Chuaigh Grúpa Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe Phlean Ghlais na Mala Raithní, an Mhala Raithní, Contae Mhaigh Eo, isteach sa líonra fuinnimh phobail in 2018, agus cur chuige an Phlean Ghlais á ghlacadh acu maidir le coigilt fuinnimh. Is é comhraiceoir dóiteáin i mBaile Átha Cliath a d'oibrigh le SEAI ar chláir deontais roimhe sin a d'fhorbair seo.

Tríd an bPlean Glas breathnaítear ar ghníomhaíochtaí pobail, comhshaoil agus eacnamaíocha lena n-áirítear uisce, fuinneamh, bithéagsúlacht, cáilíocht an aeir, iarmhairtí ó thurasóireacht agus pacáistíocht phlaisteach.

Ghlac Carol Loftus, Cathaoirleach Ghrúpa Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe Phlean Ghlais na Mala Raithní, páirt i bpodchraoladh '180 Degrees' de chuid SEAI chun gníomhaíochtaí agus gnóthachtálacha iomadúla na Mala Raithní a phlé.

Is é tionscadal amháin ar a bhfuil an-tóir ná an bus sóinseála saor in aisce a ritheann idir Oifig Thurasóireachta na Mala Raithní agus Páirc Náisiúnta Bhaile Chruaich in iarthuaisceart Mhaigh Eo. Ba é an aidhm chun líon na dturasóirí ag taisteal i gcarranna aonair a laghdú. Rinneadh é sin i gcomhar leis an bPáirc, agus treoraíonn an fhoireann dá cuid siúlóid do chuairteoirí a thaistealaíonn ar an mbus. Glacadh chomh maith leis an tseirbhís sin thar an dá bhliain go ndearna lucht na Páirce í a mhéadú agus ritheann sé ar feadh an ama anois.

Bhain SEC na Mala Raithní leas as tacaíochtaí SEAI ón tús, lena n-áirítear meantóirí agus sainchomhairleoirí a cheaptar chun a gcuid eolais a chur ar fáil do thionscadal. Chuir sé a Mháistirphlean Fuinnimh SEAI i gcrích, lena chuidítear eolas a thabhairt maidir leis na cineálacha tionscadal fuinnimh atá oiriúnach ar an mbealach is fearr do phobal agus na costais agus aisíocaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann.

Bronnadh bonn airgid le déanaí ar ghrúpa na Mala Raithní freisin ag duaiseanna chomórtas Entente Florale na hEorpa.

## An Baile Beag is Slachtmhaire in Éirinn

Bronnadh an teideal 'An Baile Beag is Slachtmhaire in Éirinn' ar Na Creagacha Dubha, i gContae Lú, i gComórtas Bailte Slachtmhara Supervalu in 2019. Ó bhuaigh sé an comórtas, d'fhoilsigh coiste Bailte Slachtmhara na gCreagacha Dubha plean thrí bliana le haghaidh 2020.2023, lena sonraítear na chéad bearta eile dá chuid agus a spriocanna don bhaile.

Ar an iomlán, is í an aidhm a bhaineann leis chun leanúint le timpeallacht nádúrtha an bhaile a chaomhnú agus bearta inbhuanaithe eile a chur i bhfeidhm nuair is féidir.

Is é ceann amháin de thionscadail shuntasacha choiste Bailte Slachtmhara na gCreagacha Dubha ná micrea-shuiteáil fuinnimh in-athnuaite i bPáirc na gCreagacha Dubha. D'aimsigh an grúpa maoiniú d'fhonn soilsiú ar chosáin a chumhachtú agus comhcheangal d'fhuinneamh gréine agus d'fhuinneamh gaoithe. Tá stáisiún luchtaithe teileafóin phóca ann freisin a suiteáladh do chuairteoirí ar an bpáirc. Tá sé beartaithe ag coiste na mBailte Slachtmhara imeachtaí oideachasúla a óstáil ag an tsuiteáil d'fhonn feasacht a ardú ar fhuinneamh in-athnuaite.

Tá an-tóir ar Pháirc na gCreagacha Dubha sa bhaile de thoradh ar a gairdín céadfach, a cluain bláthanna léana, agus a gairdín bithéagsúlachta i measc gnéithe eile.



# Uasghrádú ar Fhuinneamh Baile

I mBuiséad 2021, d'fhógair an Rialtas seoladh an chláir iarfheistithe náisiúnta lenar bhain uas-scálú agus sruthlíniú suntasach maidir le cláir iarfheistithe do thithe agus do phobail.

Is é an leithdháileadh iomlán maidir le hiarfheistiú bailte agus pobal €221 mhilliún, agus caithfear an t-airgead sin ar sprioc an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide a bhaint amach de 500,000 teach a iarfheistiú de réir RFF B2 faoi 2030.

## Dearcadh an úinéara tí

Duine de na custaiméirí is deireanaí de chuid Eoin is í Sandy Haemerle, agus ghlac sí páirt i Séasúr 2 de phodchraoladh SEAI agus chomhroinn sí a heispéireas dá teach ó na 1950í i bPort Láirge a uasghrádú. De thoradh ar fhéachaint ar eagrán Eco Eye RTÉ spreagadh í chun an tionscadal sin a ghlacadh lena gcuirfear an baile te a theastaigh uaithi i gcónaí ar fail di faoi dheireadh.

D'athraigh Eoin agus an fhoireann dá chuid an teach seo nach raibh cónaí ann ó bhonn, teach nach raibh téamh lárnach ann, go baile de rátáil A3 trí iarfheistiú cuimsitheach.

## Dearcadh an chonraitheora

Tá Eoin Madigan as Waterford Insulation ag insliú bailte le haghaidh 20 bliain. Deir sé gur athraigh an margadh go mór sa tréimhse sin. In 2005, ní raibh ach insliú cuasbhalla agus insliú lochta á soláthar acu agus anois tá níos mó ná 15 thairiscint ar fáil acu d'úinéirí tí, agus aerú agus tirimlíneáil san áireamh.

Is rud ríthábhachtach é ionad ilfhreastail a chruthú ina bhfuil ceardaithe éagsúla ag obair le chéile, ó insliú go teaschaidéil a shuiteáil, d'fhonn uasghrádú ar fhuinneamh baile a sholáthar go ceart.

*"Ba é sin a chéad uair a rinneamar é a phacáistiú le chéile agus a dhíolamar í leis an úinéir tí mar tháirge aonair."*



**"Tá dé difriúil tríd is tríd, is teach iomlán difriúil é anois. Ní gá an téamh a chur ar siúl fiú", dúirt Sandy.**

**"Le bheith te teolaí agus gan a bheith buartha faoin teas, sin rud iontach" dúirt sí.**

# Ag tacú le gnólachtaí Éireannacha

Tá SEAI ag cuidiú le cuideachtaí agus eagraíochtaí Éireannacha a n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, chun a gcuid costas fuinnimh a laghdú go suntasach agus chun oibriú chun dícharbónú a bhaint amach.



## Torthaí sármhaithe faighte ag an Acadamh Fuinnimh

Is acmhainn oiliúna ar líne Acadamh Fuinnimh SEAI atá saor in aisce agus lena dtairgtear raon leathan de chúrsaí agus de mhodúil atá dírithe ar réimsí uile éifeachtúlachta agus bainistíochta fuinnimh. Tá siad deartha chun cuidiú leis na gnólachtaí fuinneamh a shábháil agus costais a ísliú agus mar thoradh air sin cuidítear le fás an ghnólachta.

Seoladh an tAcadamh i lár 2020 agus bhí 2,200 síntiúsóir aige ó ghnólachtaí beaga ar fud na hÉireann faoi dheireadh na bliana.

**Seoladh an tAcadamh i lár 2020**

**Síntiúsóirí**
**2,200**

**Míníonn Dave Lowe, Príomhoifigeach Margaíochta, cén fáth a shonraigh an lucht bainistíochta dhá chlár le haghaidh 2020 'Éifeachtúlacht Fuinnimh Ghinearálta i nGnólachtaí' agus 'Fuinneamh / An Comhshaol':**

**"Bhí fonn orainn ár bhfoireann a luathú go tuiscint chomhroinnte níos mó, agus chun teanga chomhchoiteann a fhorbairt".**

## Cláraíonn foireann SalesSense leis an Acadamh Fuinnimh

Chláraigh SalesSense 71 bhall foirne ar Acadamh Fuinnimh SEAI in 2020. Chuir an tAcadamh deis iontach ar fáil chun a gcuid fostaithe a chur ar an eolas maidir le húsáid fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh in Éirinn.

Tá oifigí ag SalesSense i gContae Lú, i gCiarraí agus sa Ghaillimh, agus soláthraíonn sé réitigh do chliaint maidir le seirbhísí díolachán agus do chustaiméirí agus oibríonn sé mar chomhpháirtí le roinnt soláthraithe fuinnimh. Ba chomhairleoirí fuinnimh iad na 71 iarrthóir san Acadamh Fuinnimh den chuid is mó, chomh maith lena gceannairí foirne agus a mbainisteoirí oibríochtaí, mar aon le baill na roinne oiliúna a thacaíonn leis na conarthaí sin.

Is é atá i gceist leis na róil atá acu comhairle a thabhairt do chustaiméirí maidir le gnéithe uile a n-úsáid fuinnimh, chun tuiscint a fháil ar tharaifí, conas oibriú le méadair chliste, léargas agus comhairle a thabhairt dóibh i dtaca le leideanna coigilte fuinnimh (e.g. méid an fhuinnimh a úsáideann gairis).

# Costais gearrtha ag gléasra déiríochta Dhún na nGall faoi €347,000

Lean Aurivo Caighdeán Deimhnithe EXEED SEAI d'fhonn bearta éifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm ina ghléasra déiríochta i nDún na nGall, atá ag feidhmiú ó na hochtóidí.

In 2015, le tacaíocht ó SEAI, shocraigh an fhoireann breithniú ar conas arbh fhéidir léi an gléasra dá cuid a dhéanamh níos tíosaí ar fhuinneamh.

Cuimsíodh le raon feidhme an tionscadail an fuinneamh leictreach agus teirmeach uile a úsáidtear chun bainne bulcleachta agus uachtar a scaradh, a phaistéaradh, a homaiginiú agus a stóráil ag Aurivo Consumer Foods i gCúil na gCuirridín.

Tá tionchar suntasach imeartha agus gealltanas tugtha ag an ngléasra déiríochta don aeráid, agus trí sin a dhéanamh rinne sé a chuid astaíochtaí carbóin a laghdú faoi 80 % (780 tona) gach bliain, agus chonacthas laghdú de 8% ar úsáid leictreachais ar an láithreán. Tríd an tionscadal seo laghdaíodh ídiú ola óna phróiseas paistéaraithe faoi thart ar 85%.




Astaíochtaí carbóin a laghdú faoi

**80%**

**780 tonain**

aghaidh na bliana

# Plean bainistíochta fuinnimh chúig bliana Astellas Ireland

Bhuaigh Astellas an phríomhdhuais mar Fhoireann Fuinnimh na Bliana ag Duaiseanna Fuinnimh 2020 SEAI. Oibríonn an Fhoireann Bainistíochta Fuinnimh ag an ngléasra i gCiarraí i gcomhar leis an lucht bainistíochta sinsearaí agus leis na fostaithe uile d'fhonn feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú ar an láithreán ar bhonn leanúnach.

Monaraíonn Astellas táirgí cógaisíochta don mhargadh domhanda ag an tsaoráid dá chuid ag Cill Orglan i gContae Chiarraí, áit a dtagann 63% den úsáid fuinnimh ó fhuinneamh in-athnuaite a ghintear ar an láithreán.

Le linn na gcúig bliana seo a chuaigh thart, bhí an fhoireann bainistíochta fuinnimh i gceannas ar athnuachan cuimsitheach ar a clár bainistíochta fuinnimh, agus an fócas á aistriú go dearadh atá tíosach ar fhuinneamh agus éifeachtúlacht a chorprú do shaolré thionscadail Astellas uile.

Tá an fhoireann bainistíochta fuinnimh freagrach as suas le 20 tionscadal in aghaidh na bliana lena mbaineann na príomhchuspóirí den éifeachtúlacht a fheabhsú, úsáideoirí fuinnimh suntasacha a optamú, fuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú agus an lorg carbóin maidir le laghdú dramhaíola a íoslaghdú.



**Foireann Fuinnimh na Bliana ag Duaiseanna Fuinnimh 2020 SEAI**

# Ag obair leis an Earnáil Phoiblí

Bhí sprioc ag an earnáil phoiblí dá héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú faoi 33% faoi 2020. Ní mór do chomhlachtaí na hearnála poiblí an úsáid fuinnimh dá gcuid a mhonatóiriú agus a thuairisciú agus iad ag obair le SEAI d'fhonn a n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus na hastaíochtaí carbóin dá gcuid a laghdú.

Sna torthaí ó 2019 taispeántar feabhsú foriomlán de 29% ar éifeachtúlacht fuinnimh agus tá roinnt comhlachtaí earnála poiblí ag baint amach na spriocanna de 33% agus fiú níos airde.




## An Post

Is é uaillmhian An Post le bheith ina sheirbhís is glaise san Eoraip. Tacaítear leis sin ag an gcóras bainistíochta feidhmíochta fuinnimh dá chuid atá deimhnithe de réir ISO 50001 agus is é an cuspóir atá aige seachadtaí poist saor ó astaíochtaí a bhaint amach ar fud na tíre.

Coigilteas costas breosla dar luach

€5.61

in aghaidh an kWh

Faoi dheireadh 2019, bhí feithiclí leictreacha curtha in ionad 110 bhfeithicil aige i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath agus d'aimsigh sé an chéad leoraí leictreach 7.5 tona in Éirinn. Taispeánann baisc shamplach de veaineanna coigilteas fuinnimh de 56 kWh in aghaidh 100 km nó 61% agus coigilteas costas breosla €5.61 in aghaidh an kWh nó 47%.

Tá gach tiománaí de chuid An Post ag dul faoi oiliúint Éicea-Tiomána d'fhonn dea-chleachtas a chinntiú maidir le tiomáint i ngach feithicil agus maidir le dálaí bóthair agus aimsire uile.

## Biúró Fuinnimh Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)

I gcomhar le SEAI d'eagraigh Biúró Fuinnimh FSS 'Clár Luathaithe um Rannpháirteachas Daoine'. Cuireadh an clár oiliúna ar fáil d'fhoirne fuinnimh ar fud na 50 úsáideoir fuinnimh is mó i réigiún an Oirthir.

D'éirigh go sármhaith leis an gclár agus thuairiscigh rannpháirtithe leibhéil mhéadaithe de cheannach isteach nuair a bhí coigilteas fuinnimh nasctha le buntáistí sláinte agus cúram d'othar.

In 2019, shainaithin FSS coigilteas de bheagnach 7% i láithreacha rannpháirteacha trí bhainistíocht fuinnimh, trí fheasacht, agus trí athrú iompraíochta amháin, sula ndearnadh infheistíocht chaipitil ar bith. Tá sin comhionann le 12 GWh, €1,329,000 a shábháil nó le 3,170,000 kg d'astaíochtaí $CO_2$ a sheachaint.

3,170,000kg

d'astaíochtaí $CO_2$ a seachnaíodh



# Taighde fuinnimh

Déanann SEAI raon de ghníomhaíochtaí taighde, forbartha agus taispeánta (RD&D) a chomhordú agus a mhaoiniú a bhaineann le táirgeadh, soláthar agus úsáid fuinnimh.

## Déanann tionscadal arna mhaoiniú ag SEAI iniúchadh ar éifeachtúlacht fuinnimh a mhaoiniú

Dámhadh maoiniú do 'Sustainability Works' trí Ghlao an Chláir Maoinithe do RD&D 2019 dá dtionscadal - Éifeachtúlacht Fuinnimh a Mhaoiniú in Éirinn'. Mar thoradh ar an tionscadal sin, a cuireadh i gcrích in 2020, foilsíodh tuarascáil chuimsitheach – 'Financing Energy Efficiency in Ireland: A Handbook on the Residential Sector'. (Éifeachtúlacht Fuinnimh a Mhaoiniú in Éirinn:Lámhleabhar maidir leis an Earnáil Chónaitheach').

Ba é aidhm an tionscadail anailís a dhéanamh ar an neart taighde atá ar fáil maidir le maoiniú le haghaidh iarfheistiú cónaitheach agus éifeachtúlacht fuinnimh, rud atá scoilte, a bhaineann go sainiúil le saincheisteanna agus a bhíonn ag brath ar bhéarlagair teicniúil agus airgeadais, i measc nithe eile, mar a fuair Foireann an Tionscadail amach. Sa tuarascáil sin coimrítear taighde ar bhacainní airgeadais, soláthraítear léargais ar mhargadh iarfheistithe na hÉireann mar aon le réitigh chun dul ar aghaidh.

Sa tuarascáil tugtar faoi phíosaí éagsúla an phuzal a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh a mhaoiniú, e.g. an comhthéacs beartais, an cás gnó do sholáthraithe maoinithe, dearcadh an úinéara tí ar mhaoiniú, an margadh iarfheistithe mar aon le meicníochtaí maoinithe nuálacha.

Is é tátal na hanailíse, i measc nithe eile, nach bhfuil aon réiteach atá oiriúnach do gach duine. Ina theannta sin, tugtar chun suntais leis an anailís "tá gach píosa den phuzal agus bunaithe ar thaithí idirnáisiúnta, tá roinnt bealaí éagsúla ann chun na píosaí uile a chur le chéile ar dhóigh trína dtacófar agus trí na luathófar iarfheistiú ar bhailte go náisiúnta. Baineann an nuáil leis an gcomhtháthú, i.e., i bhforbairt comhpháirtíochtaí nua ar feadh an tslabhra luacha iarfheistithe, mar aon le hairgeadas agus tionsclaíocht chomh maith leis na hearnálacha poiblí agus príobháideacha".

Leis an tuarascáil sin ar thaighde soláthraítear léargais thábhachtacha atá ábhartha don earnáil airgeadais agus don mhargadh seachadta iarfheistithe níos leithne in Éirinn, lena dtacófar le gníomhaíocht iarfheistithe mhéadaithe mar thaca le huaillmhianta an rialtais.

Rinne ceannasaí an tionscadail Laura Heuston le linn "Heat Decarbonisation Challenge: Research Sprint" (An Dúshlán Dícharbónaithe Teasa: Ráib Taighde) ag Comhdháil 2020 Náisiúnta um Thaighde agus Beartas Fuinnimh SEAI. Tá an tuarascáil ar fáil le híoslódáil ar líne ó Bhunachar Sonraí Taighde Fuinnimh Náisiúnta SEAI.

## Comhdháil 2020 Náisiúnta um Thaighde agus Beartas Fuinnimh

D'eagraigh agus d'óstáil SEAI Chomhdháil Taighde agus Beartais Fuinnimh Náisiúnta 2020 i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Bhí comhdháil 2020 dírithe ar an téama 'earnáil teasa na hÉireann a dhícharbónú'.

Mar gheall ar shrianta COVID-19, rinneadh í a óstáil ar líne ar feadh cheithre Dhéardaoin i Samhain ag tosú an 5 Samhain 2020. Trí aistriú go formáid ar líne cuireadh ar chumas na comhdhála teagmháil a dhéanamh le spriocluct níos leithne.

Chláraigh níos mó ná 1,300 duine don imeacht agus ghlac 36 shaineolaí i láithreoireachtaí agus i ndíospóireachtaí painéil.



# Sonraí agus léargais SEAI: ag dul i gcion ar bheartas fuinnimh náisiúnta

## Ní mór beartas fuinnimh a bhunú ar an bhfianaise is fearr ar fáil.

Cuireann foireann Sonraí agus Léargas SEAI sainchúram dlíthiúil SEAI a chomhlíonadh chun staitisticí fuinnimh náisiúnta agus Réamh-mheastacháin Fuinnimh Náisiúnta na hÉireann a tháirgeadh.

Léiríonn aschuir ó na feidhmeanna seo dul chun cinn ar spriocanna atá bainteach le fuinneamh, astaíochtaí atá bainteach le fuinneamh agus conairí sa todhchaí chun córas fuinnimh na hÉireann a athrú ó bhonn - is é an aidhm atá ann go mbeidh astaíochtaí neodrach ó thaobh fuinnimh faoi 2050.


Iniúchann ár bhfoireann eacnamaíochta iompraíochta conas a úsáideann tomhaltóirí fuinneamh agus conas a dhéanann siad cinntí ceannaigh chun athruithe intomhaiste a spreagadh i gcás iompraíocht fuinnimh teaghlaigh agus gnólachta. Cuirimid anailís bheartais ar fáil chun tionchar beartas reatha rialtais a léiriú agus chun smaointe nua a fhorbairt i dtaobh comhairle ar lucht déanta beartas sa Roinn Comhshaol, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC), agus i bhfóraim beartas aeráide eile.

Trí obair SEAI sa réimse seo tugtar eolas do Phleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid an Rialtais, do Phleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide (NECP), don Tascfhórsa Iarfheistithe Tithíochta Náisiúnta, agus do thionscnaimh bheartais eile, i gcomhar leis an RCAC.

Mar aon le comhairle a chuirtear go díreach ar an Rialtas, tá roinnt de na príomhfhoilseacháin in 2020 san áireamh thíos:

### FUINNIMH IN ÉIRINN - TUARASCÁIL 2020

Ár léargas bliantúil ina gcuirtear staitisticí deifnídeacha i láthair maidir le soláthar agus úsáid fuinnimh in Éirinn. Thug tuarascáil 2020 le fios gur laghdaíodh astaíochtaí $CO_2$ in 2019 ó úsáid fuinnimh faoi 4.5%, an laghdú is mó ó 2011; leanaimid orainn ag baint barr feabhais amach maidir le leictreachas inbhuanaithe a chur lenár n-eangach; agus go bhfuil go leor oibre le déanamh againn fós chun úsáid fuinnimh le haghaidh teasa agus iompair a dhícharbónú in Éirinn.




### SRAITH PÁIPÉAR FAOI LÉARGAIS AR IOMPRAÍOCHT


In 2020, d'fhógair an tAonad Eacnamaíochta Iompraíochta sraith nua de pháipéir dar teideal 'Sraith de Pháipéir faoi Léargais Iompraíochta'. Is é aidhm na Sraithe de Pháipéir faoi Léargais Iompraíochta:

1. Athbhreithniú a dhéanamh ar na hiompraíochtaí atá ina gcúis le torthaí a bhaineann fuinneamh agus
2. Na bacainní iompraíochta agus na spreagthaí lena n-imrítear tionchar ar na hiompraíochtaí sin a shainaithint

Déantar athbhreithniú i ngach páipéar ar an bhfianaise is fearr ar fáil ón litríocht eolaíochta iompraíochta agus déantar tionchair iompraíochta a léarscáiliú leo ar na hiompraíochtaí ábhartha agus faoi dheireadh cuirtear liosta de réitigh bheartais ionchasacha le haghaidh machnamh breise.

In 2020, d'fhoilsigh an tAonad Eacnamaíochta Iompraíochta páipéar inar sainaithníodh na beartais ionchasacha le haghaidh glacadh le teaschaidéal agus le feithiclí leictreacha (EVanna) in Éirinn a spreagadh.



# Taighde agus teicneolaíocht

## Forbraíonn Roinn Taighde & Teicneolaíochta SEAI réitigh ar an dúshlán de chóras fuinnimh na hÉireann a dhícharbónú i réimsí teasa, leictreachais, fuinnimh amach ón gcósta, foirgnimh agus maoiniú taighde.

Tá ról suntasach ag an roinn maidir le hÉirinn a ionadú thar lear ag an gCoimisiún Eorpach, ag an nGníomhaireacht Fuinnimh Idirnáisiúnta agus i dtaca le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide.

Soláthraíonn an Roinn Taighde & Teicneolaíochta an t-eolas teicniúil ar an a bhfuil cinntí tábhachtacha maidir le beartas fuinnimh bunaithe. Tugann sé eolas agus tacaíonn sé le tosaíochtaí taighde fuinnimh, tacaíonn sé le forbairt an mhargaidh laistigh den earnáil fuinnimh agus cuireann sé le faisnéis níos leithne don phobal maidir le fuinneamh inbhuanaithe.

Seo a leanas cuid de bhuaicphointí 2020:



### LEICTREACHAS AGUS GAOTH

Sholáthair an t-aonad leictreachais tacaíocht don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chun treoirlínte pleanála d'fheirmeacha gaoithe a fhorbairt agus d'fhorbair sé sonraíocht do shamhail torainn d'fheirmeacha gaoithe chun tacú le hanailís ar éifeachtaí na treoirlínte nua maidir le fuinneamh gaoithe a fhorbairt.

Thacaigh an t-aonad leictreachais agus gaoithe leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chun modheolaíochta a fhorbairt chun bearta pobail a mheasúnú mar chuid den aighneacht um státchabhair dá cuid chuig an CE maidir le is an Scéim Tacaíochta Fuinnimh In-athnuaite in 2020.

### MAOINIÚ

D'éirigh le níos mó ná 100 tionscadal ilbhliantúil, a bhí gníomhach in 2020, faoi Chlár Maoinithe Náisiúnta um Taighde, Forbairt agus Taispeáint maidir le Fuinneamh de chuid SEAI.

### FUINNEAMH AMACH ÓN gCÓSTA

Tá an fhoireann um fhuinneamh amach ón gcósta i gceannas ar roinnt tionscadal AE, trína gcuirtear ar bhonn suntasach le forbairt na hearnála fuinnimh amach ón gcósta.

- D'fhorbair an Líonra Nuála um Fhuinneamh Aigéin (OPIN), tionscadal atá maoinithe ag Interreg AE, líonra de níos mó ná 400 ball ar féidir le cuideachtaí in Éirinn comhoibriú leo.
- Tá athbhreithniú curtha i gcrích ag tionscadal OceanSet H2020 AE ar gach tionscadal maoinithe san Eoraip d'fhonn bearnaí agus tosaíochtaí a shainaithint maidir le tionscnaimh maoinithe amach anseo; agus tríd an tionscadal AFLOWT arna mhaoiniú ag Interreg, chuir an fhoireann tús le clár bailithe sonraí chun tacú le himlonnú fuinnimh gaoithe ar snámh ar chósta iarthar na hÉireann.

### CAIGHDEÁIN TEASCHAIDÉAL AGUS TÉIMH

Bhí SEAI chun tosaigh maidir leis an gCaighdeán um Theaschaidéil Tí (SR 50-4) a fhorbairt i gcomhar leis an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus le saineolaithe sa tionscal. Leis an doiciméad sin cuideofar le pluiméirí, le hinnealtóirí dearaidh, le sonraitheoirí, agus le soláthraithe oiliúna i leith teaschaidéal le haghaidh 400,000 teaschaidéal a chur amach go céimneach le bheith suiteáilte faoi 2030. Bhí SEAI i gceannas freisin ar fhorbairt an Chaighdeáin um Théamh Tí (SR 50-1), lena soláthraítear faisnéis phraiticiúil agus treoir maidir le dearadh, suiteáil agus optamú córas téimh lárnaigh uisce-bhunaithe (fliuch) traidisiúnta i dteaghaisí cónaitheacha buana.

# Feidhmeanna tarmligthe

Tá freagracht tharmligthe ag SEAI ón Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i réimsí na Scéime Oibleagáide Éifeachtúlachta Fuinnimh agus an Fhaireachais Margaidh i gcomhair lipéadú fuinnimh agus éici-dhearaidh.

## SCÉIM OIBLEAGÁIDE ÉIFEACHTÚLACHTA FUINNIMH

Éilítear leis an Scéim Oibleagáide Éifeachtúlachta Fuinnimh (EEOS) go soláthróidh gach soláthraí mór fuinnimh coigilteas ó gach earnáil úsáide fuinnimh deiridh. Is é SEAI riarthóir na scéime, ag tuairisciú don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Tá SEAI freagrach, ar son an Aire, as an gcoigilteas a bhaintear amach faoi EEOS a mhonatóirí agus a thomhas. Is é ról SEAI ansin chun a dhearbhú go bhfuil an coigilteas iomlán a chuirtear i gcoinne sprioc Páirtí faoi Oibleagáid faoi EEOS, a thuairiscítear ansin chuig an AE faoi Airteagal 7, i gcomhréir le ceanglais na Treorach.

Sholáthair an scéim 4,800 GWh de choigilteas éifeachtúlachta fuinnimh sa tréimhse idir 2014 agus 2020, agus bhí 776g GWh den mhéid sin in 2020 amháin. Is ionann an coigilteas ón scéim go dtí seo agus cúiteamh ar astaíochtaí $CO_2$ de thimpeall 1.1 Mt agus coigilteas airgeadais athfhillteach de thimpeall €230 milliún sa bhliain.

Is áisitheoir fíorthábhachtach de choigiltis fuinnimh í an scéim maidir le mór-úsáideoirí fuinnimh thionsclaíochta. In 2020 d'oibrigh Páirtithe faoi Oibleagáid le cuideachtaí comhalta líonra fuinnimh tionscal mór chun coigiltis de bhreis agus 400 GWh a bhaint amach. Bhain déantúsóir táirgí púdar bainne agus comhábhair chothaitheacha speisaltóireachta coigilteas fuinnimh príomhúil amach de 29 GWh amach le tacaíocht ó Pháirtí faoi Oibleagáid. Baineadh an coigilteas amach trí dhá aonad CHP 2-MWe a shuiteáil mar aon le trí choire uisce the ard-éifeachtúlachta 1.3 MWth chun freastal ar riachtanais leictreachais, giniúna gaile agus uisce the ar an láithreán.

I Meitheamh 2020, shocraigh an tAire go mbainfidh Éire úsáid as EEOS in éineacht le Bearta Malartacha chun an sprioc 2030 dá cuid a chomhlíonadh atá ina ceanglas faoi Airteagal 7. Tá obair á déanamh ar an scéim athbhreithnithe, a bheidh i gcomhréir go dlúth leis an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus leis na gealltanais i gClár an Rialtais. Shocraigh an tAire scéim eatramhach/aistrithe a chur i bhfeidhm do 2021.



**"Éilítear leis an Scéim Oibleagáide Éifeachtúlachta Fuinnimh (EEOS) go soláthróidh gach soláthraí mór fuinnimh coigilteas ó gach earnáil úsáide fuinnimh deiridh."**

4,833GWh

**Sholáthair an scéim 4,833 GWh de choigilteas éifeachtúlachta fuinnimh sa tréimhse idir 2014 agus 2020.**

87.2%

**bhí 87.2% de na 9,089 dtáirge arna n-iniúchadh comhlíontach, mar a tharla i dtorthaí na n-iniúchtaí in 2019.**

56

**Rinne SEAI iniúchadh ar bhreis agus 56 ionad miondíola chun a gcomhlíonadh Rialachán Lipéadaithe Fuinnimh AE a mheasúnú**



## CLÁR FAIREACHAIS MARGAIDH

Tacaíonn SEAI leis an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ina ról mar Údarás Faireachais Margaidh (MSA) do Threoir Éici-dheartha an AE, agus rialacháin lipéadaithe boinn agus fuinnimh an AE.

Le linn 2020, Rinne SEAI iniúchadh ar bhreis agus 56 ionad miondíola chun a gcomhlíonadh Rialú Lipéadaithe Fuinnimh a mheasúnú, i gclár iniúchtaí a srianadh ag paindéim COVID-19. bhí 87.2% de na 9,089 dtáirge arna n-iniúchadh comhlíontach, mar a tharla i dtorthaí na n-iniúchtaí in 2019. Rinne SEAI iniúchadh freisin ar 75 shuíomh gréasáin miondíoltóirí agus ardleibhéil neamhchomhlíontachta á bhfail aige. Forbraíodh treoir do mhiondíoltóirí maidir le lipéadú fuinnimh ar líne agus tá SEAI ag obair go dlúth le miondíoltóirí chun tabhairt faoin bhfadhb sin.

Clúdaíodh raon leathan de tháirgí lenár ngníomhaíocht faireachais agus téamh, soilsiú, fearais, teilifíseáin, agus boinn san áireamh Tar éis an scagadh margaidh agus an measúnú ar riosca a dhéanamh, rinneamar measúnachtaí comhlíontachta ar 135 tháirge agus rinneamar tástáil ar 17 acu i saotharlann, agus beart á dhéanamh chun tabhairt faoi roinnt cásanna de neamhchomhlíontacht. D'fhorbraíomar treoir, nuair a bhí gá léi, chun tacú le déantúsóirí na rialacháin a chomhlíonadh.

Táimid ag glacadh páirt i dtionscadal ilbhliantúil EEPLIANT3 de chuid an AE (2019-2023) agus gníomhaíochtaí comhpháirteach á ndéanamh againn le MSAnna ó thíortha AE eile, agus dea-chleachta á chomhroinnt agus obair á déanamh le chéile i bhfeachtais faireachais margaidh chomhordaithe.

Tá tionchar ag SEAI ar fhaireachas margaidh a dhigitiú, rud a theastaíonn chun tabhairt faoi na dúshláin a bhaineann le faireachas margaidh a dhéanamh ar an mórchóir. Táimid i gceannas faoi láthair ar phacáiste uirlisí TF de thionscadal EEPLIANT3 an AE agus táimid ar Thascfhórsa AE um Dhigitiú d'Fhaireachas Margaidh, a tionscnaíodh in 2020. Chuireamar tús le treochlár freisin le haghaidh ardán TF úrscothach a fhorbairt d'fhaireachas margaidh rud a chuideoidh le feabhas suntasach a chur ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht ár gcuid oibre.

# Buaicphointí 2020

## FEBRUARY




**Bhí an ceathrú Comhdháil SEAI bliantúil don Earnáil Phoiblí** ar siúl sa Helix, DCU. D'fhreastail 800 aoi ar an gcomhdháil, agus d'éist siad le hiar-Uachtarán Mary Robinson glaoch ar cheannasaíocht maidir le gníomhú ar son na haeráide.

## MARCH

**Dámhadh €1 mhilliún mar mhaoiniú ón Rialtas** do thionscadail nuálacha taighde ar fhuinneamh geoiteirmeach.



## APRIL



**Fuarthas amach i dtuarascáil 2020 um Fhuinneamh In-athnuaite in Éirinn** nach bhfuil Éire ag dul chun cinn chun spriocanna fuinnimh in-athnuaite a chomhlíonadh.

## MAY

**Seoladh Acadamh Fuinnimh SEAI** mar acmhainn oiliúna ar líne saor in aisce maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus bainistíocht fuinnimh do FBManna na hÉireann.




## JUNE

**Dámh SEAI €1 mhilliún do thaighdeoirí Éireannacha** trí thionscnaimh thaighde Eorpacha chomhoibritheacha.



**D'aistrigh SEAI cuid mhaith dá chuid imeachtaí go formáid fhíorúil,** mar gheall ar shrianta COVID-19.

**Osclaíodh an grúpa 'Your Energy Matters' ar Facebook** do dhaoine aonair agus do phobail chun líonrú agus chun teagmháil a dhéanamh lena chéile, agus chun a gcuid eispéireas féin a chomhroinnt maidir le húsáid fuinnimh a laghdú.

## JULY

**Ba dhóigh nua í imeachtaí beoshruthaithe Facebook agus LinkedIn do SEAI** chun dul i dteagmháil lena spriocluchţ agus 12 sheisiún arna n-óstáil in 2020 maidir le topaicí éagsúla.




## SEPTEMBER



**D'fhógair an tAire Ryan €28 milliún** mar mhaoiniú ón Rialtas trí SEAI do 39 dtionscadal fuinnimh pobail.

## OCTOBER

**Tugadh ómós ag Duaiseanna Fuinnimh SEAI 2020 do cheannairí** i bhfuinneamh in-athnuaite agus i ngníomhú ar son na haeráide ag searmanas duaiseanna ar líne.



## NOVEMBER

**Thosaigh séasúr 2 de phodchraoladh 180 Degrees de chuid SEAI.**




**Foilsíodh Aeráid SOS**, leabhar scéalta maisithe is déanaí SEAI do pháistí.




## DECEMBER

**Cuireadh tuarascáil um Fhuinneamh in Éirinn** i láthair ar líne den chéad uair agus bhí 272 ann mar lucht freastail, líon nach raibh ann riamh.

# RIALACHAS

Soláthraímid fianaise láidir don

## Rialtas chun eolas a chur ar fáil faoi bheartas fuinnimh



# Tuairisc Éifeachtúlachta Fuinnimh

In 2020, mhéadaigh SEAI a ídiú iomlán fuinnimh faoi thimpeall 70%. Ba thoradh díreach é sin ar athlonnú chuig ár n-oifig nua i mBaile Átha Cliath ag Plás na dTrí Pháirc, i nDeireadh Fómhair 2019 agus ar an méadú comhfhreagrach ar ídiú leictreachais agus teirmeach.

Ba 2020 ár mbliain féilire iomlán san oifig nua agus cé nach raibh an oifig áitithe den chuid is mó idir Aibreán agus Nollaig mar gheall ar ráig COVID-19, ba ionann í agus méadú suntasach ar an spás oifige níos lú a bhí againn roimhe sin ag Teach Pháirc Wilton.

D'ainneoin na fírice go raibh an chuid is mó de na tionóntaí ag obair sa bhaile ó Aibreán 2020, bhí an oifig fós ar oscailt agus bhí éileamh téimh de dhíth ó am go ham agus uaireanta lód méadaithe ar na haonaid láimhseála aeir d'fhonn riachtanais aeraithe COVID-19 a chomhlíonadh.

Cé gur méadaíodh an t-ídiú fuinnimh absalóideach, ba é sin de bharr méadaithe níos mó go comhréireach ar an achar dromchla a bhí áitithe. Is ionann an oifig nua seo agus méadú 136% ar an achar dromchla atá áitithe ag SEAI i mBaile Átha Cliath mar gheall ar fhás reatha agus amach anseo na heagraíochta.

Ar ndóigh, taispeánadh lenár méadracht feidhmíochta de kWh/ m2 feabhsú 9% ar fhigiúirí 2019 ónár gcóras tuairiscithe agus monatóireachta ar an earnáil phoiblí. Is ionann é sin agus feabhsú 52% ar ár mbliain bhonnlíne 2009 agus sáraíonn sé ár sprioc don earnáil phoiblí de 33% faoi 2020

In 2020, ba ionann Plás na dTrí Pháirc agus timpeall 90% d'ídiú fuinnimh foriomlán SEAI ar fud na gceithre oifig dár gcuid mar aon le dhá fheithicil leictreacha de chuid na cuideachta. Mar thoradh air sin, beidh sé fós ina príomhréimse fócais maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus feabhsuithe ar laghdú astaíochtaí.

Is feidhmíocht shealadach í feidhmíocht SEAI in 2020 mar gheall ar chomhcheangal den athlonnú go ceannoifig nua ag deireadh 2019, agus ar fhadhbanna a bhain le rochtain ar mhéadair in 2020 de bharr phaindéim COVID-19. Tá na figiúirí atá curtha i láthair anseo faoi réir ag athrú.

Tá úsáid fuinnimh ar fud na gceithre oifig dár gcuid mar aon le feithiclí leictreacha (EVanna) na cuideachta achoimrithe sa tábla thíos.

| Úsáid Fuinnimh | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| **ÍDIÚ DÍREACH D'OIFIGÍ AGUS CARRANNA I BPÁIRT** | | |
| Leictreachas: Soilsiú, TFC, Cumhacht oifige, Aerú Téimh agus Aerchóiriú (HVAC) + 2 x Feithicil Leictreach agus + 3 x pointe luchtaithe feithicle leictrí (kWh TFC) | 288,645 | 149,137* |
| Gás nádúrtha i gcomhair teasa (kWh TFC) | 204,470 | 128,890 |
| Ola gáis marcáilte i gcomhair Teasa (kWh TFC) | 0 | 8,391 |
| LPG le haghaidh téimh | 3,154 | 0 |
| **Iomláin i gcomhair Ídiú Díreach** | **496,269** | **286,418** |
| **Astaíochtaí $CO_2$ (kg)** | **135,582** | **77,033**** |

*laghdú beag ón bhfigiúr a tuairiscíodh roimhe mar gheall ar rómheastachán ar úsáid EV

**laghdú beag tar éis fachtóirí astaíochtaí leictreachais (g $CO_2$/kWh) a nuashonrú do 2019

## Gníomhaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh atá beartaithe i gcomhair 2021/22

1. **Ath-dheimhniúcháin ISO 50001 go dtí athbhreithniú nua ar an gcaighdeán (ISO 50001:2018) le críochnú in R2 2020.**
2. **Oiliúint feasachta fuinnimh le críochnú i measc gach ball foirne SEAI ar theacht ar ais na foirne chuig an oifig.**
3. **Idirchaidreamh a dhéanamh leis an lucht bainistíochta i Plás na dTrí Pháirc chun ár gcóras méadraithe agus rialú oibríochtúil ar úsáidí fuinnimh suntasacha a optamú.**
4. **Straitéis dícharbónaithe a fhorbairt do SEAI d'fhonn spriocanna éifeachtúlachta agus laghdaithe astaíochtaí san earnáil phoiblí a bhaint amach faoi 2030.**

### ASTAÍOCHTAÍ $CO_2$ (KG)



# Freagracht Shóisialta Chorparáideach in SEAI

## Cuireann SEAI Freagracht Shóisialta Chorparáideach chun cinn agus i bhfeidhm go gníomhach, ag leibhéal eagraíochtúil agus mar chuid den phlé lenár bpáirtithe leasmhara.

Tá SEAI paiseanta faoi dhaoine agus féachaimid le dea-thionchar a imirt ar an tsochaí, ar fhostaithe, ar pháirtithe leasmhara agus ar an timpeallacht.

Bhí neamhchinnteacht ann in 2020 i gcoinne na paindéime domhanda. Ní glanta agus i bparáidí, mar na ghnáth. Ar aon taobh eile, bhí tábhacht na folláine chun tosaigh agus tacaíocht sholúbtha á cur ar fáil againn dár bhfoireann ar bhonn cianda sa tréimhse dhúshlánach seo.

Tá ceithre chrann taca a bhaineann le Freagracht Shóisialta Chorparáideach faoinar leagamar ár ngníomhaíochtaí amach.

1. **An Pobal:** Caidreamh le Comhpháirtithe agus Eagraíochtaí Pobail
2. **An Comhshaol:** Laghdaigh, Athúsáid, Athchúrsáil Acmhainní
3. **An Margadh:** Cinntí Tráchtála Freagracha le Soláthraithe agus Custaiméirí
4. **An Áit Oibre:** Ag Tacú agus ag Dul i mbun Teagmhála le Fostaithe

### WHAT WE HAVE ACHIEVED TO DATE IN EACH OF THE FOUR PILLAR AREAS

1

### An Pobal

- Tiomsú airgid do charthanachtaí (i measc na bhfaighteoirí in 2020 bhí Cumas Éireann agus Focus Ireland).
- Táimid inár dtacadóir de Chlub 30% in Éirinn a bhfuil mar aidhm aige tacú le Cothromaíocht Inscne de 30% ar a laghad a bhaint amach ag boird chinnteoireachta shinsearacha uile ar fud na hÉireann, agus Boird agus C-fhoireann san áireamh.

2

### An Comhshaol

**Is tionscnamh atá treoraithe ag fostaithe í Foireann Ghlas SEAI chun cleachtais inbhuanaithe a spreagadh agus a chur chun cinn inár n-oifigí. Ó go luath i Márta 2020 thosaigh fostaithe ag obair go cianda i bhfianaise na paindéime, agus de bharr sin cuireadh an ghníomhaíocht sin ar an méar fhada. Ina dhiaidh sin is uile, áirítear le gnóthachtálacha príomhúla go dtí seo:**

- Páipéar priontála athchúrsáilte, málaí tae inmhúirínithe a cheannach, laghdú ar earraí plaisteacha a cheannaítear (cupáin agus suaitheantais ainm), agus taighde ar bheartais ghlasa soláthraithe.
- Cupáin phlaisteacha uisce a bhaint.
- Leabharlann comhroinnte leabhar i measc fostaithe.
- Leanfar le cupáin chaife, sceanra agus coimeádáin bhialainne gasta inmhúirínithe a úsáid.
- Leanfar le scaradh dramhaíola oifige.
- Tionscnaimh Ionaid Oibre Níos Cliste chun spreagadh d'fhostaithe dul ag siúl agus rothaíocht.
- Oifig gan pháipéar a thabhairt isteach ar fud na heagraíochta.
- Tá ár n-oifigí suite i bhfoirgneamh oifigí le rátáil BER A3.
- Tá dhá fheithicil atá go hiomlán leictreach in úsáid ag an bhfoireann le haghaidh taisteal gnó (lasmuigh den phaindéim reatha).

**Tá SEAI paiseanta faoi dhaoine agus féachaimid le dea-thionchar a imirt ar an tsochaí, ar fhostaithe, ar pháirtithe leasmhara agus ar an gcomhshaol.**

3

## An Margadh

- Tá tábhacht ar leith ag baint le soláthar ócáide inbhuanaithe dár mórócáid bhliantúil a n-úsáidimid seicliosta de bhearta comhshaoil ó ionaid phoitéinsiúla anois lena haghaidh. In 2020 tharla an chuid is mó de na himeachtaí ar bhonn fíorúil, agus táimid ag foghlaim as imeachtaí fíorúla rathúla don todhchaí.
- Ceannach trealaimh ICT atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de, a chuireann caighdeáin timpeallachta, éifeachtúlachta fuinnimh agus fuaraithe san áireamh.
- Tugadh faoi athbhreithniú cumarsáide custaiméirí in go leor codanna den eagraíocht agus is próiseas leanúnach é chun seirbhís níos fearr a chinntiú. Cuimsíonn sé seo athbhreithniú ar ár suíomh gréasáin, próiseas iarratais, agus cairt custaiméirí.

4

## An Áit Oibre

- D'fhonn folláine ár bhfoirne a spreagadh agus a thacú ar feadh na paindéime, shocraíomar roinnt tionscnamh, lenar áiríodh seisiúin machnaimh, ranganna ióga, seimineáir ghréasáin ábhartha, agus maidineacha caife ar fud na heagraíochta.
- Cuirimid Clár Cúnaimh Fostaithe ar fáil saor in aisce trína soláthraítear comhairleoireacht rúnda, cóitseáil tuismitheoirí agus gairmré, faisnéis speisialtóra gan teorainn, agus tairseach tacaíochta folláine ar líne dár bhfoireann dhíreach agus indíreach agus dá dteaghlaigh.
- Foilsíodh Straitéis Ionchuimsithe agus Éagsúlachta 2019-2021. Trí obair chianda soláthraíodh léargais maidir le conas is féidir linn an straitéis seo a athbhreithniú do thodhchaí na hoibre tar éis na paindéime.
- Leanadh le Sláinte agus Sábháilteacht Fostaithe i dtimpeallacht oibre cianda, lenar áiríodh measúnachtaí eirgeanamaíochta agus cainteanna agus gearrchomhráite roimh obair maidir le saincheisteanna ábhartha.
- Cuirtear Scagthástáil Sláinte Fostaithe agus cúnamh folláine ar fáil do gach fostaí.
- Is tionscnamh Mná i bhFuinneamh (WIE) a bhfuil fostaithe SEAI chun tosaigh ann a thacaíonn agus a spreagann rannpháirteachas na mban laistigh den earnáil fuinnimh.
- Mar chuid de Sheachtain Idirnáisiúnta na bhFear, d'eagraíomar Caint Bhotháin d'Fhir.
- Glacadh níos mó ná 5 mhilliún céim ag an bhfoireann mar chuid de Dhúshláin Chéime na nÁiteanna Oibre um Thaisteal Níos Cliste i Márta agus i nDeireadh Fómhair 2020.
- Imeachta Rothaíochta Áitiúla mar chuid de Chlár na nÁiteanna Oibre um Thaisteal Níos Cliste.
- Tá an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre agus an Scéim Coigiltis Chánach um Iompar Poiblí ar fáil do chách.
- Lasmuigh den éigeandáil sláinte reatha, is féidir le fostaithe úsáid a bhaint as an bhfeithicil chuideachta leictreach maidir le taisteal a bhaineann le gnó a laghdaíonn astaíochtaí agus a chuireann ar son a dtairbhe.

# Rialachas Corparáideach

Tá Ráiteas Rialachais foriomlán agus Tuarascáil Chomhaltaí Boird SEAI leagtha amach, de réir mar is gá de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 sna Ráitis Airgeadais i gcomhair 2020 iniata.

## SWIFT 3000 DEIMHNIÚ RIALACHAIS CHORPARÁIDIGH/ MEASÚNACHT SHEACHTRACH

In Aibreán 2011, ba é SEAI an chéad eagraíocht san Eoraip, bíodh sé poiblí nó príobháideach, ar bronnadh deimhniú uirthi faoi chaighdeán an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) de chuid SWiFT 3000.

Baineann an caighdeán seo leis an gCód Cleachtais do mheasúnacht Rialachais Chorparáidigh in Éirinn. Is é an cuspóir ná measúnú a dhéanamh ar chreataí eagraíochta rialachais chorparáidigh agus leibhéal comhlíontachta go sonrach ó eagraíochtaí le cóid rialachais agus dea-chleachtais. Cuireadh athbhreithniú eile i gcrích ar ghéilliúlacht SEAI do riachtanais SWiFT 3000 i Nollaig 2020 agus chloígh SEAI leis an deimhniú rialachais chorparáidigh tábhachtach sin. Leanann SEAI ar aghaidh, mar sin, leis na caighdeáin rialachais chorparáidigh a sholáthar de réir dea-chleachtais.

Is éard a bhí i bpróiseas measúnachta SWIFT 3000 ná athbhreithniú cuimsitheach seachtrach ar struchtúir, próisis, nósanna imeachta agus ábhar Bhord SEAI lena n-áirítear comhlíonadh reachtaíocht SEAI, Creat Chód Rialachais SEAI, Dearbhuithe Leasa ó chomhaltaí Boird, oibriú Coistí Boird.

## RIALACHAS

Cé gurb é an tAcht um Fhuinneamh Inmharthana an phríomhfhoinse do SEAI maidir le rialachas corparáideach, tá ceangal ar an eagraíocht raon riachtanais reachtúla agus riaracháin (Náisiúnta agus AE) a chomhlíonadh. Deimhníonn SEAI gur chloígh sé lena dhualgais chun na riachtanais seo a chomhlíonadh. Tá na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm chun comhlíonadh sainriachtanas a chinntiú:

### Riachtanais Riaracháin agus Beartais Ghinearálta

Ar leibhéal náisiúnta, oibríonn SEAI go dlúth leis na hoifigigh ábhartha sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus le hoifigigh ó Ranna Rialtais eile agus ó ghníomhaireachtaí stáit. Tá sé riachtanach sin a dhéanamh i gcomhthéacs a chuid cuspóirí a chur chun cinn agus comhlíontacht a chinntiú le ceanglais reachtúla, riaracháin agus Aire / Rialtais. Ag leibhéal áitiúil, oibríonn SEAI go dlúth le háisíneachtaí stáit eile agus le raon leathan eagraíochtaí áitiúla agus ionadaithe poiblí chun beartas agus tionscnaimh fuinnimh inbhuanaithe a fhorbairt go réamhghníomhach. Cuirtear taca leis seo faoin gcuspóir straitéiseach náisiúnta foriomlán go mbeidh SEAI lárnach maidir le geilleagar ísealcharbóin a thabhairt i bhfeidhm trí bhearta agus gníomhaíochtaí atá dírithe ar aistriú chuig todhchaí fuinnimh níos cliste agus níos inbhuanaithe. Déantar an obair agus an idirghníomhaíocht seo de réir treoracha éagsúla beartais a d'eisigh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

### An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

I Meán Fómhair 2016, ghlac Bord SEAI go foirmiúil le Cód Cleachtais leasaithe na gComhlachtaí Stáit Rialtais, a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Cuireann SEAI treoracha eolais ar fáil do chomhaltaí Boird i dtaobh riachtanais an Chóid agus rinne sé socruithe maidir le gníomhaíochtaí, nósanna imeachta agus tionscnaimh chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Mar atá luaite thuas, déantar SEAI a mheasúnú ar a chomhlíonadh leis an gCód faoi phróiseas deimhniúcháin SWiFT 3000.

Anuas air sin, tá Creat Cóid Rialachais iomlánaíoch dá chuid féin ag SEAI don eagraíocht, a chuimsíonn riachtanais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Déanann Bord SEAI athbhreithniú ar an gCreat Cóid Rialachais ar bhonn bliantúil agus tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin SEAI www.seai.ie.

Ina fhianaise sin, dearbhaíonn SEAI comhlíonadh na gcodanna seo a leanas den Chód Cleachtais;

## CUID 1: RÓL AN BHOIRD

### CUID 1.2: CAIGHDEÁN EITICIÚLA

Mar atá luaite thuas, i gcomhar le hardbhainistíocht SEAI tá Creat Cód Rialachais ar leith forbartha ag Bord SEAI. Leagann sé síos na struchtúir agus nósanna imeachta cuí chun a chinntiú go bhfuil na socruithe rialachais agus freagrachta san Údarás láidir agus éifeachtúil. San áireamh sa Chreat seo tá Cód Iompair Gnó le haghaidh chomhaltaí an Bhoird, an t-iompar atá ag teastáil ag cruinnithe an Bhoird. Ní mór do chomhaltaí an Bhoird agus do chomhaltaí foirne ainmnithe an reachtaíocht um Eitic in Oifigí Poiblí a chomhlíonadh ar bhonn bliantúil freisin.

### CUID 1.7: CÚRSAÍ LE CINNEADH AG AN mBORD

Tá Sceideal Cúrsaí foirmeálta faofa ag Bord SEAI maidir le cúrsaí faoi leith atá le cinneadh aige, chun a chinntiú go bhfuil treo agus rialú an chomhlachta go daingean ina lámha acu.

### CUID 1.11: COIMHLINT LEASA

Tá nósanna imeachta cuimsitheacha i bhfeidhm ag Bord SEAI chun monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar choimhlint leasa a d'fhéadfadh tarlú i measc an lucht bainistíochta agus comhaltaí Boird.

### CUID 1.14: NOCHTADH COSANTA

Ag cruinniú ar an 4 Samhain 2020, d'fhaomh Bord SEAI Cairt Sceithire leasaithe, a chuimsíonn na riachtanais nua a eascraíonn ón Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Déantar athbhreithniú air sin ar bhonn bliantúil mar chuid den athbhreithniú ar Chreat Rialachais SEAI.

### CUID 1.17: RÁITEAS STRAITÉISE

Tá Bord an SEAI tar éis glacadh le Ráiteas Straitéise don tréimhse 2017 -2021. Tá próiseas comhsheasmhach comhaontaithe ag an mBord chun monatóireacht a dhéanamh ar nuashonruithe ar dhul chun cinn agus ar fhorbairtí maidir le cur i bhfeidhm na straitéise seo. Tá an Straitéis seo le fáil ar shuíomh gréasáin SEAI www.seai.ie.

## CUID 6: TUAIRISCIÚ GNÓ AGUS AIRGEADAIS

Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar Ráitis Airgeadais SEAI go bliantúil agus cuirtear faoi bhráid an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide iad mar aon le Tuarascáil Bhliantúil SEAI i gcomhlíonadh an Achta um Fhuinneamh Inmharthana 2002. Cuimsíonn sé seo scrúdú bliantúil ar an Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh. Cuireann an Cathaoirleach na tuarascálacha seo isteach faoi réir na riachtanais atá leagtha amach in Alt 1.9 de riachtanais Ghnó agus Airgeadais an Chóid leasaithe. Chuige seo, deimhníonn SEAI go gcomhlíonann sé beartas an Rialtais maidir le híocaíocht iomlán an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus íocaíocht comhaltaí foirne eile faoi réir na socruithe a leag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Lena chois sin, comhlíonann SEAI na treoirlínte a chlúdaíonn íocaíocht táillí le Cathaoirligh agus Stiúrthóirí / comhaltaí Comhlachtaí Stáit, arna eisiúint ag an Aire Airgeadais. Leagtar sceideal an Bhoird maidir le táillí agus costais le haghaidh Comhaltaí Boird amach sa Ráiteas Rialachais.

## CORPORATE GOVERNANCE – AR LEANÚINT

### CUID 7: BAINISTÍOCHT RIOSCA AGUS RIALUITHE INMHEÁNACHA

#### CUID 7.1: BAINISTIÚ RIOSCA

Tá beartas cuimsitheach maidir le measúnú agus bainistiú riosca forbartha ag SEAI agus tá an creat ginearálta le haghaidh bainistiú riosca faofa ag an mBord. Tá meicníochtaí cuí bunaithe ag Bord an SEAI agus ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca chun a chinntiú go bhfuil sé ag feidhmiú go hiomlán agus go ndéanann sé monatóireacht agus athbhreithniú ar a éifeachtúlacht.

#### CODANNA 7.4: ATHBHREITHNIÚ AR ÉIFEACHTÚLACHT AN RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Déanann SEAI córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Déanann na hiniúchóirí inmheánacha seachfhoinsithe athbhreithniú ar bhonn bliantúil ar chóras na rialuithe inmheánacha airgeadais agus is mar sin a bhí an cás i leith 2020. Cuireadh na riachtanais maidir leis an athbhreithniú sin, de réir mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, i bhfeidhm maidir le 2020.

D'fhaomh Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus Bord SEAI an t-athbhreithniú ar na rialuithe inmheánacha agus an Ráiteas ar Rialú Inmheánach (SIC) gaolmhar do 2020. Tá an t-athbhreithniú deimhnithe sa litir bhliantúil ón gCathaoirleach chuig an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Ina theannta sin, tá ráiteas an Chathaoirligh ar rialuithe inmheánacha airgeadais san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil (féach Leathanach 44).

#### CUID 7.7: INIÚCHADH INMHEÁNACH

Tá feidhm Iniúchta Inmheánaigh seanbhunaithe ag SEAI de réir na bprionsabal a leagtar amach sa Chód Cleachtais agus tá Cairt fhoirmiúil aige atá faofa ag an mBord.

#### CUID 7.12: AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA

Tá Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca seanbhunaithe ag SEAI a bhfuil téarmaí tagartha faoi leith aige, atá faofa ag an mBord agus ar a ndéantar athbhreithniú ar bhonn bliantúil.

### CUID 8: MÁTHAIR-ROINN AGUS RÓL MAOIRSEACHTA

#### CUID 8.4: COMHAONTUITHE MAOIRSEACHTA

Tá Creat Maoirseachta agus Feidhmíochta/Comhaontú Seirbhíse i bhfeidhm ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus SEAI, a ndéantar athbhreithniú air ar bhonn bliantúil.

#### CUID 8.16: NÓSANNA IMEACHTA DO SHOLÁTHAR

Tá próiseas cuí Soláthair Phoiblí ag SEAI, a chomhlíonann na tairseacha reatha luachanna chun rialacha náisiúnta agus an AE a chur i bhfeidhm. Is buan-nós imeachta é an córas tairiscintí iomaíocha sa phróiseas seo.

#### CUID 8.44: COMHLÍONADH CÁNACH

Dearbhaíonn an Cathaoirleach, sa litir leithleach a cuireadh faoi bhráid an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, gur chomhlíon SEAI a dhualgais faoin dlí cánach.

#### Treoirlínte um Breithmheas agus Bainistiú ar Thograí Caiteachais Chaipitiúil

Tá nósanna imeachta láidir sheanbhunaithe i bhfeidhm ag SEAI chun breithmheas agus bainistiú a dhéanamh ar Thograí Caiteachais Chaipitiúil faoi na cláir Caipitil (deontais).

#### Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus 2004.

Tá SEAI tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus is tosaíocht sheanbhunaithe é an comhionannas san eagraíocht. Tá clár forásach comhionannais agus éagsúlachta ag SEAI agus tá roinnt scéimeanna ar bun ann a thugann deiseanna don fhoireann maidir le riachtanais foirne agus gairme a bhaint amach, lena n-áirítear an tsaoire staidéir agus cláir oideachasúla srl. Éascaíonn Próiseas Pleanála Feidhmíochta agus Fáis de chuid SEAI an fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil freisin. Cuireann SEAI luach ar an éagsúlacht agus déanann sé tréaniarracht bheith ina fhostóir comhionannais a spreagann rannpháirtíocht phearsanta agus a chuireann luach ar dhifríochtaí.

Tá SEAI tiomanta do thimpeallacht chothrom oibre / saoil a fhorbairt agus a chothabháil don fhoireann go léir.

#### An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005

Déanann an tAcht seo, a ionadaíonn forálacha an Achta um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas ag an Obair 1988, an dlí a bhí ann cheana féin a chomhdhlúthú agus a uasdátú. Leanann SEAI air le bearta a dhéanamh chun sábháilteacht agus leas na n-oibrithe agus na gcuairteoirí go léir a chosaint, agus feasacht a spreagadh laistigh dá oifigí chun forálacha an Achta seo a chomhlíonadh. Baineann sé seo leis na hAchtanna um Shláinte Phoiblí (Tobac) 2002 agus 2004 chomh maith.

## Cairt Custaiméirí

Tá Cairt Custaiméirí foilsithe ag SEAI, a leagann amach a thiomantas do sheirbhís d'ardchaighdeán. San áireamh sa Chairt seo tá nós imeachta chun déileáil le gearáin, más ann dóibh. Tá sé seo le fáil freisin ar www.seai.ie.

## An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Tagann SEAI faoi chúram an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 a tháinig i bhfeidhm ar 2 Eanáir 1998, agus faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 a tháinig i bhfeidhm ar 7 Lúnasa 2002.

Is polasaí é de chuid SEAI cinnte a dhéanamh de go n-íoctar gach sonrasc gan mhoill. Tá gnáthaimh i bhfeidhm, áfach, a chinntíonn go n-íoctar ús déanach ar riaráistí, más gá.

## An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

Faoi réir na nAchtanna thuasluaite, cuireann comhaltaí Bhord SEAI Ráitis Leasa chomhlánaithe faoi bhráid an Rúnaí gach bliain i gcomhlíonadh fhorálacha an Achta. Lena chois sin, comhlíonann comhaltaí foirne SEAI a bhfuil poist ainmnithe acu an dá Acht.

## An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasaithe) 2003

Is comhlacht forordaithe é SEAI faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus comhlíonann sé go hiomlán na riachtanais a leagtar amach sna hAchtanna. Ba chóir iarratais le haghaidh faisnéise faoi na hAchtanna a chur chuig an Oifigeach FOI, SEAI, Plás na dTrí Pháirc,Sráid Hatch, Baile Átha Cliath 2.

## Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1998 & 2004 / RGCS

Tá SEAI cláraithe mar Rialtóir Sonraí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

Baineann cosaint sonraí le bunchearta daoine maidir le príobháideachas a chosaint agus le smacht a choimeád ar an mbealach a n-úsáidtear a bhfaisnéis phearsanta.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Tá SEAI laistigh de théarmaí tagartha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, a tháinig i bhfeidhm ar 14 Iúil 2003 chun creat reachtúil a sholáthar le seirbhísí trí Ghaeilge a sholáthar. Faoi réir Alt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo i mBéarla agus i nGaeilge ag an am céanna.

# AIRGEADAS

Soláthraíonn éifeachtúlacht fuinnimh tairbhí

**eacnamaíocha agus fostaíochta intomhaiste**



# An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

**Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2020**

Bunaíodh Bord Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) faoin Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002 agus cuireadh tús leis ar 1 Bealtaine 2002. Rinneadh leasú breise ar an Acht leis an Acht um Fhuinneamh 2016.

Leagtar feidhmeanna an Údaráis amach in Alt 6 d'Acht 2002. Tá an Bord freagrach don Aire Comhshaoil, Aeráid agus Cumarsáide, agus tá sé freagrach as a chinntiú go mbeidh dea-rialachas ann, agus téann sé i mbun an chúraim sin trí aidhmeanna agus cuspóirí straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh ar na príomhcheisteanna gnó ar fad. Tá an ghnáthbhainistíocht laethúil, mar aon le smacht ar an treo ina bhfuil SEAI ag dul, faoi chúram an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (POF) agus na foirne ardbhainistíochta. Ní mór don POF agus don fhoireann ardbhainistíochta an treo straitéiseach a leagann an Bord síos a leanúint, agus ní mór dóibh cinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta an Bhoird maidir leis na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí a bhaineann le SEAI, agus le riosca suntasach ar bith a d'fhéadfadh bheith ann. Feidhmíonn an POF mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus bainistíocht SEAI.

## FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

Leagtar ról leathan an Bhoird amach in Alt 10 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002 agus tá sonraí faoi na freagrachtaí níos sainiúla atá ar an mBord, ar bhonn aonair nó ar bhonn corparáideach, le fáil i gCreat an Chóid Rialachais, a ndéantar é a fhaomhadh ar bhonn bliantúil agus atá le fáil ar shuíomh Gréasáin SEAI (www.seai.ie). Sa cháipéis seo freisin tá na nithe a bhfágtar go sonrach faoin mBord chun cinneadh a dhéanamh ina leith agus na míreanna seasta atá le meas ag an mBord lena n-áirítear:

- Riachtanais maidir le Córam agus le Fógairt Leasa
- Miontuairiscí an chruinnithe deiridh a Fhíorú
- Ceisteanna a thagann chun cinn agus Gníomhphointí gaolmhara
- Tuarascáil an Chathaoirligh
- Tuarascáil an POF
- Tuarascálacha Airgeadais, Buiséid agus Caiteachais
- Forbairt Straitéiseach SEAI agus tuarascálacha feidhmiúcháin
- Tograí deontais agus soláthair a mheas, faoi réir an údaráis tarmligthe faofa
- Tuarascálacha Fochoistí a mheas
- Athbhreithniú ar Riosca Corparáideach /Bainistiú Riosca
- Rialachas agus ceisteanna forchoimeádta

Cuireann Alt 24 (2) den Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002 ceangal ar an Údarás cuntais chuí a choimeád d'aon airgead a fhaigheann sé nó a chaitheann sé, i cibé foirm a d'fhéadfadh an tAire a fhaomhadh, le toil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Agus na cuntais airgeadais á n-ullmhú aige, ní mór do Bhord SEAI:

- Beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama.
- Ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin más míchuí a mheas go leanfaidh sé ar aghaidh ag feidhmiú; agus
- A lua cibé acu a cloíodh nó nár cloíodh leis na Caighdeáin Chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid cuntas leordhóthanacha a choimeád, ina nochtar, le cruinneas réasúnach, ag tráth ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 24 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002.

Tá freagracht ar an mBord as cothabháil agus iontaofacht na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar fail ar shuíomh Gréasáin an SEAI.

Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus as an mbuiséad a fhaomhadh. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht SEAI faoi threoir an phlean agus an bhuiséid bhliantúil i Eanáir 2021 maidir le 2020.

Tá an Bord freagrach as a shócmhainní a chosaint agus dá bharr sin, as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus aon mhírialtacht eile a sheachaint. Tá Beartas Frith-Chalaoise sonrach athbhreithnithe faofa ag Bord SEAI i Samhain 2020.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais SEAI le haghaidh 2020 léargas fíor agus cóir ar fheidhmíocht agus staid airgeadais SEAI amhail an 31 Nollaig 2020. Le linn 2020, thug an Bord agus Coiste Iniúchóireachta agus Riosca SEAI aird shainiúil agus mhionsonraithe ar thionchar COVID-19 ar an eagraíocht agus díríodh fócas ar leith air sin le linn na bliana. Pléitear sin a thuilleadh sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach.

## BOIRD AGUS COISTÍ SEAI 2020

### Struchtúr an Bhoird

Ceapann an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide na comhaltaí Boird, le toil an Aire Airgeadais, faoi réir an Achta um Fhuinneamh Inmharthana 2002, arna leasú ag an Acht um Fhuinneamh 2016. Nuair a cheaptar comhaltaí nua, cuirtear faisnéis fhairsing ar fáil dóibh maidir leis an ngníomhaireacht agus a hoibríochtaí. Tá 12 chomhalta ar Bhord SEAI. Ainmníonn an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide comhalta amháin (seachas an Príomhfheidhmeannach) den Bhord mar Chathaoirleach ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana. Ceaptar comhaltaí Boird ar feadh tréimhse 5 bliana agus is féidir iad a athcheapadh.

Oibríonn Bord SEAI de réir prionsabail dea-chleachtais i dtaobh rialachas corparáideach i gcomhréir leis na treoirlínte a leagtar amach sa Chód Cleachtais Leasaithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Tá próiseas ionduchtúcháin agus forbartha atá oiriúnach agus cuimsitheach i bhfeidhm le haghaidh comhaltaí Boird.

Tá an Bord freagrach as an gcroí-straitéis agus as beartais don eagraíocht a shocrú. Tá sé freagrach as an gcóras rialaithe inmheánach, agus as próisis agus gnáthaimh a chur i bhfeidhm a chinnteoidh go bhfuil an córas éifeachtach. Baineann sé na feidhmeanna seo amach go díreach agus trí Choistí Boird sonracha a fheidhmiú faoi réir Téarmaí Tagartha faofa. Tá freagracht ar bhainistíocht feidhmiúcháin SEAI as beartas a chur i bhfeidhm.

Feidhmíonn an Bord faoi réir na bhforálacha a leagtar amach do Bhord an Údaráis san Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002. I gcomhréir le forálacha an Achta, leis na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001, agus leis an gCód Cleachtais Leasaithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, tá ceangal ar chomhaltaí Boird SEAI Ráiteas Coimhlinte Leasa a chur ar aghaidh gach bliain chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus chuig Rúnaí an Bhoird.

I mí Eanáir 2021, rinne an Bord athbhreithniú cuimsitheach ar a ghníomhaíochtaí, oibríochtaí agus torthaí le haghaidh 2020. Tá stádas deimhnithe SWiFT 3000, ar iniúchadh agus measúnú neamhspleách é de chuid iniúchóirí NSAI ar nósanna imeachta rialaithe chorparáidigh agus comhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, ag SEAI i gcónaí. Cuireadh an measúnú is déanaí i gcrích i Samhain 2020.

## BORD SEAI 2020



**Julie O'Neill**
Cathaoirleach

*Ceaptha an 6 Bealtaine 2015, d'éirigh as oifig an 5 Bealtaine 2020 ag deireadh a téarma.*

Tá Julie ina dílseánach ar Join the Dots, comhlacht bainistíochta comhairleoireachta straitéiseach neamhspleách. Bhí sí ina hArd-Rúnaí ar an Roinn Iompair ó 2002 go dtí 2009, agus, le linn a saoil oibre sa tseirbhís phoiblí, d'oibrigh sí in ocht Roinn Rialtais. Is comhalta boird í ar Ryanair, Permanent TSB agus Axa Life Europe. Tá MSc san Anailís Beartais aici ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus B. Comm ó UCD. Bhí sí ina comhalta ar Bhord SEAI roimhe seo ó Mheán Fómhair 2011 go dtí Meán Fómhair 2014.



**Dermot Byrne**
Cathaoirleach

*Ceaptha an 1 Mean Fómhair 2020*

Tá cúlra ag Dermot in innealtóireacht agus bainistíocht fóntas. Bhí sé ina POF le EirGrid trína tionscnamh agus trína chéim fáis, ó 2005 go 2012. Roimhe sin bhí sé ina Cheann ar Líonraí BSL. Ó chuaigh sé ar scor ó EirGrid, bhí Dermot ar roinnt bord, agus Element Power san áireamh - cuideachta forbartha fuinnimh gaoithe.

Tá sé ina chathaoirleach faoi láthair ar ghníomhaireacht forbartha thar lear Éireannach - VITA - agus fócas láidir ar phobail tuaithe agus ar ghníomhú ar son na haeráide san Afraic Thoir.

Is Comhalta Innealtóirí Éireann é Dermot agus bhí sé ina Uachtarán dá chuid in 2016/17. Thar ceann DCENR (RCAC anois) bhí sé ina chathaoirleach ar shainghrúpa d'fhonn Straitéis Taighde Fuinnimh náisiúnta a fhorbairt.

Foilsíodh tuarascáil an ghrúpa - Energy Innovation Ireland - in 2016.



**Dr Peter Brennan**

*Ceaptha an 6 Bealtaine 2015, athcheaptha an 9 Bealtaine 2018*

Is Stiúrthóir Bainistíochta é Peter ar EPS Consulting, comhairleoireacht taighde um beartas poiblí, agus tá sé ina Chathaoirleach ar Bid Services, an comhlacht comhairleach is mó sa tír ó thaobh tairisceana agus soláthair. Tá spéis agus saineolas faoi leith aige san athrú aeráide agus san fhuinneamh. Bhí sé ina chathaoirleach ar Ghrúpa Taighde um Athrú Aeráide an IEA ó 2007 go 2015 agus bhí sé ina chomhairleoir ar Chomhchoiste an Oireachtais ar an Athrú Aeráide agus Fuinneamh. Bhí sé ina léachtóir ar chúrsa Máistreachta agus ar Chlár Teastais DCU in Airgeadas Fuinnimh Inmharthana. Tá ríomhleabhar scríofa aige ar dheiseanna gnó sa gheilleagar glas. Bhí sé ina Stiúrthóir ar Ghnóthaí Eorpacha agus Forbairt Straitéiseach IBEC agus bhí sé ina Stiúrthóir ar Oifig Gnó Éireannach atá lonnaithe sa Bhruiséil ó 1986 go 2001. Níos luaithe ina shaol oibre d'oibrigh sé sna Ranna Tionscail agus Fuinnimh agus Gnóthaí Eachtracha.



**Dr Lisa Ryan**

*Ceaptha an 6 Bealtaine 2015, athcheaptha an 9 Bealtaine 2018*

Is ollamh in eacnamaíocht fuinnimh í Lisa sa Scoil Eacnamaíochta ag COBÁC agus ina ceann ar eacnamaíocht fuinnimh ag Institiúid Fuinnimh COBÁC agus saineolas aici ar éifeachtúlacht fuinnimh, ar fhuinneamh in-athnuaite agus ar eacnamaíocht an athraithe aeráide. Ba í an t-eacnamaí fuinnimh sinsearach san Aonad Éifeachtúlachta sa Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh (IEA) i bPáras go dtí samhradh 2013 mar ar threoraigh sí tionscadail a bhaineann le maoiniú éifeachtúlachta fuinnimh, iompar, agus beartas trasearnála. D'oibrigh sí roimh seo mar shainchomhairleoir neamhspleách in eacnamaíocht fuinnimh agus comhshaoil le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus rialtasacha in Éireann, agus sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí freisin. Tá PhD ag Lisa san eacnamaíocht timpeallachta ó UCD, mar aon le hiarchéimeanna agus bunchéimeanna eile san eacnamaíocht agus san innealtóireacht ó UCD agus Colorado School of Mines, SAM.



## Michael Wall

*Ceaptha an 6 Bealtaine 2015, athcheaptha an 9 Bealtaine 2018*

Is abhcóide é Michael a dhéanann speisialtóireacht sa dlí pleanála, comhshaoil agus foirgníochta. Is iar-chomhalta é Michael den Bhord Pleanála agus roimhe sin d'oibrigh sé mar ailtire i gcleachtas príobháideach. Is comhalta é d'Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann agus tá MBA aige ó Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath. Tá Michael ina chomhalta boird freisin den Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, tá sé ina Chathaoirleach ar Chumann Sheoirseach na hÉireann agus tá sé ina chomhalta boird le hAmharclann na Mainistreach agus le Compántas Náisiúnta Ceoldrámaíochta Éireann.



## Kevin Brady

*Ceaptha an 16 Feabhra 2017 - d'éirigh as oifig an 15 Feabhra 2020 ag deireadh a théarma.*

Is é Kevin an Príomhoifigeach atá i bhfeighil na Rannóige um Beartas Fuinnimh Theasa & Iompair sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. I measc a chuid freagrachtaí tá forbairt an teasa in-athnuaite sna hearnálacha tionsclaíocha, tráchtála agus cónaithe. San earnáil iompair, tá sé ina chomhchathaoirleach ar an Tascfhórsa um Fheithiclí Astaíochtaí Ísle agus tá sé freagrach as beartais fuinnimh a chuireann fuinneamh in-athnuaite chun cinn san iompar agus san fhás i bhfeithiclí astaíochta ísle agus atá saor ó astaíochtaí. Tá céim aige san innealtóireacht agus máistreacht san eacnamaíocht ón gColáiste Ollscoile, BÁC. Roimhe seo, ba chomhairleoir eacnamaíoch é Kevin a rinne speisialtóireacht ar earnálacha an fhuinnimh agus an iompair agus tá taithí aige roimhe seo ar thionscadail fuinnimh ghaoithe a fhorbairt in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.



## Kate Ruddock

*Ceaptha an 16 Feabhra 2017*

Chaith Kate cuid mhaith dá gairmré san earnáil ENR (eagraíochtaí neamhrialtasacha) ag obair le heagraíochtaí agus líonraí comhshaoil lena n-áirítear Cairde na Cruinne, an chomhghuaillíocht Stop Climate Chaos, agus le Líonra Comhshaoil na hÉireann.

Tá taithí aici ar bheartas fuinnimh inbhuanaithe, ar thionscadail fuinnimh phobail agus ar oideachas comhshaoil agus molann sí nach mór d'Éirinn a cion féin a dhéanamh maidir le freagairt ar an ngéarchéim aeráide agus bithéagsúlachta. Tá Céim san Eolaíocht Nádúrtha ag Kate ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Máistreacht san Inbhuanaitheacht Timpeallachta ó Ollscoil Dhún Éideann mar aon le Teastas san Fhuinneamh In-athnuaite ó Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan.



## Andrew Ennis

*Ceaptha an 14 Iúil 2017*

Is Stiúrthóir Fuinnimh In-athnuaite é Andrew ar Bartra Capital, a bhfuil infheistiú déanta aige i réimsí éagsúla den mhargadh infreastruchtúir Éireannach, lena n-áirítear tithíocht, cúram sláinte, áitreabh tráchtála agus fuinneamh in-athnuaite. Is cuntasóir cairte é Andrew agus tá B.Comm agus M.Acc aige ó COBÁC. Tá taithí breis agus 16 bliana ag Andrew san airgeadas corparáideach sa mhargadh infreastruchtúir in Éirinn, ag déanamh speisialtóireacht i bhfuinneamh agus i bhfuinneamh in-athnuaite. Bhí sé ag obair roimhe seo d'Aonad NewERA de Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, a bunaíodh chun comhairle airgeadais chorparáidigh a sholáthar don Rialtas i dtaobh bainistiú agus diúscairt sócmhainní Stáit agus infheistiú i bpríomh-infreastruchtúr geilleagrach.

D'oibrigh sé freisin le hAirgeadas Corparáideach NCB (ar cuid de Investec Éireann anois é), ag déanamh speisialtóireacht i gcumaisc agus in éadálacha infreastruchtúir, agus tiomsú airgid.

## BORD SEAI 2020 – AR LEANÚINT



### Ann Markey

*Ceaptha an 14 Iúil 2017*

Is Comhalta de Chuntasóirí Cairte na hÉireann í Ann agus ceannaire gnó ag a bhfuil seantaithí agus is cathaoirleach an choiste í agus stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin. Tá taithí mhór aici sa tionscal leictreachais agus ba fheidhmeannach sinsearach í le BSL agus le Greencoat Capital, príomhchuideachta infheistíochta i bhfuinneamh in-athnuaite. Tá taithí aici ar ghnólachtaí leictreachais thraidisiúnta agus ar infheistiú i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin fáis agus gnólachtaí fuinnimh in-athnuaite. Is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin neamhspleách í le Foresight Solar Fund Limited, cuideachta infheistíochta FTSE250 i PV gréine. Le linn 2020, bhí sí ina comhalta Boird den Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach agus ina Cathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tá sí ina comhalta de Choiste Iniúchóireachta & Riosca an FSS.



### Léan Doody

*Ceaptha ar 31 Deireadh Fómhair 2018*

Is Ceannaire Cathracha Eorpacha agus Pleanála í Léan do Arup. Tá breis agus 20 bliain de thaithí ghairmiúil aici sa tionscal, lena n-áirítear taithí ar obair le cliaint éagsúla ó rialtais chathrach agus náisiúnta go forbróirí príobháideacha, agus ar thionscadail éagsúla a bhaineann le straitéis fhairsing agus obair bheartais i dtaobh teicneolaíochtaí cliste a chur i bhfeidhm. I measc na hoibre tionscadail a rinne sí le déanaí tá straitéis dhigiteach agus obair bheartais do rialtas na Danmhairge agus rialtas Shingeapór, The Greater London Authority, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Sydney, Canberra agus mórthionscadail mháistirphleanála i Maidrid, i Singeapór agus in Dubai. Sa réimse seo atá i mbéal forbartha, bhí sí gníomhach ag obair le hinstitiúidí taighde agus le comhlachtaí tionscail chun cláir oibre agus caighdeáin idirnáisiúnta a shocrú, lena n-áirítear an Institiúid um Chaighdeáin na Breataine agus Ionad Bonneagair Chliste agus Foirgníocht Cambridge. Is Léachtóir Sinsearach Oinigh í i gColáiste na hOllscoile, Londain sa Roinn Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Beartas Poiblí agus is scrúdaitheoir seachtrach í i gColáiste Ríoga na hEalaíne i Londain.



### Joe O'Carroll

*Ceaptha an 28 Feabhra 2019*

Tá breis agus 25 bliana de thaithí ag Joe in earnálacha an Fhuinnimh, na hInbhuanaitheachta, agus na dTeicneolaíochtaí Digiteacha. D'oibrigh sé in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe, i SMA, san Afraic agus sna Balcáin. Tá céim aige san Eolaíocht Talmhaíochta ó UCD, tá MBA (UCC) agus Dioplóma aige i dTreo Cuideachta (Institiúid Stiúrthóirí). Chuir sé críoch le cláir oiliúna feidhmiúcháin i bhForas Bainistíochta na hÉireann Baile Átha Cliath agus Scoil Kennedy in Harvard. I ndiaidh dó a ghnólacht fuinnimh in-athnuaite a bhunú, a scálú agus a dhíol idir 2008 agus 2017 bhí sé i bpoist ard-bhainistíochta ag clúdach réimsí amhail bainistíocht ghinearálta, straitéis, tráchtálú, díolacháin & margaíocht agus tiomsú airgid. Is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin é ar ghnólacht turasóireachta agus ar chomhlacht comhairleoireachta bainistíochta a dhéanann speisialtóireacht san earnáil cógaisíochta tionsclaíochta. Faoi láthair is Bainisteoir Ginearálta é Joe le sraith de Mhoil Nuála sa Réigiún Lár Tíre, lena n-áirítear MERITS, mol do ghnólachtaí nua-thionscanta teicneolaíochta, agus leis an Mol Nuála Eachaí ag Graí Náisiúnta na hÉireann. Tá sé ar bhord Treemetrics - gnólacht SaaS atá bunaithe i gCorcaigh, le FunDays and Fairways - Oibritheoir Turas Gailf is mó san Eoraip, agus le Lochlann Enterprises, gnólacht comhairleachta teicneolaíochta san earnáil cógaisíochta.



### Justina Corcoran

*Ceaptha an 7 Bealtaine 2020*

Tá ról an Phríomhoifigigh ag Justina faoi láthair, sa Rannóg um Oiriúnú don Athrú Aeráide agus Rannpháirteachais Saoránach den Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Tá níos mó ná 20 bliain de thaithí ghairmiúil aici, san earnáil phoiblí, thar líon leathan agus éagsúil de Ranna. Mar iar-Cheannaire Iniúchta Inmheánaigh sa Roinn tá tuiscint aici agus tá sí paiseanta chun a chinntiú agus chun a chur chun cinn go mbíonn córas láidir agus éifeachtach Rialachais agus Rialaithe Inmheánaigh ann laistigh d'eagraíocht agus go dtéann sé ó neart go neart. Le blianta beaga anuas, chríochnaigh Justina cáilíocht Cuntasaíochta Gairmiúla ACCA agus an 1ú áit in Éirinn á baint amach aici (2ú ar fud an domhain) ar páipéar leibhéil ghairmiúil Rialachais, Riosca agus Eitice mar aon le 1ú áit in Éirinn (8ú ar fud an domhain) ar pháipéar leibhéil ghairmiúil den Ardtuairisciú Corparáideach. Bhí róil cheannasaíochta aici freisin maidir le tionscadail náisiúnta amhail an Córas Cód Poist Náisiúnta ("Eirchóid") agus threoraigh sí an Roinn le déanaí i dtreo comhlíontacht a bhaint amach maidir le RCSG a thabhairt isteach mar Oifigeach Cosanta Sonraí.



**Sharon O'Connor**

*Ceaptha an 1 Mean Fómhair 2020*

Is Comhalta agus Stiúrthóir Cairte í Sharon leis an Institiúid Stiúrthóirí agus cúig bliana is fiche de thaithí cheannasaíochta sinsearaí aici. Is Comhalta Cairte den Institiúid Chairte um Fhorbairt Pearsanra agus tá cáilíocht ghairmiúil aici i margaíocht.

Chríochnaigh sí téarma 5 bliana le déanaí mar Chathaoirleach ar Údarás Oideachais Thuaisceart Éireann, eagraíocht réigiúnach a fhostaíonn 44,000 ag a bhfuil buiséad de £2bn. Bhí sí ina Príomhfheidhmeannach le Comhairle Chathair Dhoire roimhe seo, agus tá spéis láidir aici i rialtas áitiúil agus tá sí ar an gCoimisiún Cuntas d'Albain agus chríochnaigh sí dhá théarma le déanaí leis an gCoimisiún Náisiúnta.

Bhunaigh Bord SEAI ceithre Choiste mar seo a leanas:

## AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA

Tacaíonn an Coiste leis an mBord chun a cuid freagrachtaí dlíthiúla agus cuntasaíochta a chomhlíonadh; déanann sé cumarsáid le hiniúchóirí seachtracha agus déanann sé measúnú agus maoirseacht ar an iniúchadh inmheánach feidhm; athbhreithniú ar phleanáil airgeadais, ar chóras na rialuithe inmheánacha, ar an bpróiseas bainistíochta agus measúnaithe riosca, lena n-áirítear Clár Riosca SEAI, agus maoirseacht ar bhuiséadú agus ar shocruithe baincéireachta.

Feidhmíonn an Coiste ar bhonn neamhspleách ó bhainistiú airgeadais na heagraíochta agus cinntíonn sé go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais inmheánacha rialaithe, gníomhaíochtaí iniúchta san áireamh. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord tar éis gach cruinnithe agus go foirmiúil, i scríbhinn, gach bliain. Bhí naoi gcruinniú den Choiste ar siúl in 2020. Ag deireadh 2020, bhí ceathrar comhaltaí Boird ar an gCoiste agus comhalta seachtrach amháin arna cheapadh ag an mBord.

### Members

**Ann Markey**
Cathaoirleach
*Ceaptha an 6 Feabhra 2019*

**Gerry Donnelly**
Comhalta seachtrach
*Ceaptha an 29 Bealtaine 2013 - d'éirigh as oifig an 5 Bealtaine 2020*

**Lisa Ryan**
*Ceaptha an 27 Iúil 2016*

**Michael Wall**
*Ceaptha an 27 Iúil 2016*

**Martina Maher**
Comhalta seachtrach
*Ceaptha an 31 Iúil 2019*

**Sharon O'Connor**
*Ceaptha an 4 Samhain 2020*

## AN COISTE UM BAINISTÍOCHT FEIDHMÍOCHTA AGUS LUACH SAOTHAIR

Tá an Coiste seo freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar théarmaí agus coinníollacha an POF, laistigh de na treoirlínte a leagann an Rialtas síos.

Tá sé freagrach freisin as athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an POF ar bhonn bliantúil i gcomhthéacs spriocanna agus cuspóirí comhaontaithe agus an Comhaontú ar Leibhéal na Seirbhíse idir SEAI agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Ina theannta sin, faomhann an Coiste Plean Gníomhaíochta an Údaráis i dtaca le Comhaontuithe na hEarnála Poiblí, má bhaineann siad le hábhar. Ní raibh aon chruinniú den Choiste ar siúl in 2020.

### Comhaltaí

*Ceapadh iad go léir an 4 Samhain 2020*

Ní raibh aon chruinniú den Choiste seo ar siúl in 2020.

**Dermot Byrne**
Cathaoirleach an Bhoird
Justina

**Justina Corcoran**

**Sharon O'Connor**

## AN COISTE UM SCÉIM TACAÍOCHTA DO THEAS IN-ATHNUAITE (SSRH)

Tá an Coiste freagrach as maoirseacht agus monatóireacht chuí a chinntiú maidir le rioscaí a bhaineann le SSRH lena n-áirítear cuspóirí beartais, gnóthachtálacha, iompraíocht mhargaidh, luach ar airgead agus éifeachtúlacht chostais. Tá sé freagrach freisin as maoirseacht a dhéanamh ar cinntí molta SEAI i gcomhthéacs an Mheabhráin.

### Comhaltaí

*Gach comhalta ceaptha ag an mBord 1 Bealtaine 2019*

**Andrew Ennis**
Cathaoirleach

**Ann Markey**

**Joe O'Carroll**

**Kate Ruddock**

## COISTE AN TASCFHÓRSA NÁISIÚNTA IARFHEISTITHE

Tá an Coiste freagrach as maoirseacht, as ionchur agus as tacaíochta maidir le rannpháirtíocht SEAI sa Tascfhórsa Náisiúnta Iarfheistithe ar leibhéal straitéiseach agus cuspóir ann go sannfar an ról de Chomhlachta Seachadta Náisiúnta Iarfheistithe do SEAI. Cinnteofar leis sin go ndéanfar anailís riosca thráthúil maidir leis an tsaincheist seo lena n-áirítear nuashonrú ar Chlár Riosca SEAI d'fhonn rioscaí nua atá ag teacht chun cinn sa chomhthéacs sin a léiriú.

### Comhaltaí

*Ceaptha an 3 Meitheamh 2020 Dermot Byrne, ceaptha an 30 Mean Fómhair 2020*

**Peter Brennan**
Cathaoirleach

**Kate Ruddock**

**Léan Doody**

**Joe O'Carroll**

**Dermot Byrne**
Cathaoirleach an Bhoird

## BORD SEAI 2020 – AR LEANÚINT

### TINREAMH BOIRD AGUS COISTE

Ó Mhárta 2020, nuair a thug an Rialtas srianta COVID-19 isteach, agus bunaithe ar chomhairle sláinte poiblí, tionóladh gach cruinniú de Bhord SEAI agus gach cruinniú Coiste ar bhonn cianda (trí Microsoft Teams).

| Comhalta Boird | Tinreamh an Bhoird (12 chruinniú) | An Coiste Iniúchóireachta & Riosca* (9 chruinniú) | Coiste an Tascfhórsa Náisiúnta Iarfheistithe (2 chruinniú) | An Coiste SSRH (8 chruinniú) | Táillí Boird 2020 (€) |
|---|---|---|---|---|---|
| Julie O'Neill (a) | 5 | N/A | N/A | N/A | 4,133 |
| Dermot Byrne (b) | 4 | N/A | 1 | N/A | 3,990 |
| Sharon O'Connor (c) | 4 | 1 | N/A | N/A | 2,565 |
| Peter Brennan (d) | 12 | N/A | 2 | N/A | 7,695 |
| Lisa Ryan | 11 | 8 | N/A | N/A | 7,695 |
| Michael Wall | 12 | 9 | N/A | N/A | 7,695 |
| Kevin Brady (e) | 1 | N/A | N/A | N/A | |
| Kate Ruddock | 10 | N/A | 2 | 8 | 7,695 |
| Andrew Ennis | 12 | N/A | N/A | 8 | 7,695 |
| Ann Markey | 12 | 9 | N/A | 7 | 7,695 |
| Léan Doody | 12 | N/A | 2 | N/A | 7,695 |
| Joe O'Carroll | 12 | N/A | 2 | 8 | 7,695 |
| Justina Corcoran (f) | 7 | N/A | N/A | N/A | |
| **Iomlán** | | | | | **72,248** |

Níor tionóladh aon chruinniú in 2020 den Choiste um Bainistíocht Feidhmíochta agus Luach Saothair.

Níor íocadh aon speansais le comhalta Boird ar bith in 2020.

a) D'éirigh as oifig an 5 Bealtaine 2020 ag deireadh an téarma.
b) Ceaptha an 1 Mean Fómhair 2020
c) Ceaptha an 1 Mean Fómhair 2020
d) Comhalta Boird Neamhspleách Sinsearach (SIBM) - Sa Chathaoir ag 3 chruinniú an Bhoird i Meitheamh/Iúil 2020.
e) D'éirigh as oifig an 15 Feabhra 2020 ag deireadh an téarma.
f) Ceaptha an 7 Bealtaine 2020

*Tá comhalta seachtrach amháin ar an gCoiste seo anois (beirt go dtí an 5 Bealtaine 2020).

Bhí beirt comhaltaí Boird ann (Kevin Brady, suas go dtí deireadh a théarma an 15 Feabhra 2020 agus Justina Corcoran, óna ceapachán an 7 Bealtaine 2020), nach bhfuair táillí Boird de réir an phrionsabail Aon Duine Aon Tuarastal (OPOS).

## ATHRUITHE AR AN bPRÍOMHPHEARSANRA

D'éirigh beirt comhaltaí Boird as oifig le linn 2020. D'éirigh Julie O'Neill as oifig, mar Chathaoirleach, ag deireadh a téarma an 5 Bealtaine 2020 agus d'éirigh Kevin Brady as oifig an 15 Feabhra 2020 ag deireadh a théarma. Ceapadh triúr comhaltaí nua mar atá sonraithe thuas.

## NOCHTUITHE A ÉILÍTEAR DE RÉIR AN CHÓID CHLEACHTAIS CHUN COMHLACHTAÍ STÁIT A RIALÚ (2016)

Tá an Bord freagrach as cinntiú go gcomhlíonann SEAI Éireann Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an Cód), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Faoi réir an chóid, ní mór na nithe a leanas a nochtadh.

## MIONDEALÚ AR SHOCHAIR GHEARRTHÉARMACHA FOSTAITHE

Déantar sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe atá níos mó ná €60,000 a aicmiú i mbandaí mar seo a leanas:

| Banda Sochair € | Líon na bhFostaithe amhail an 31 Nollaig 2020 | Líon na bhFostaithe amhail an 31 Nollaig 2019 |
|---|---|---|
| 60,000 – 69,999 | 14 | 9 |
| 70,000 – 79,999 | 8 | 9 |
| 80,000 – 89,999 | 22 | 21 |
| 90,000 – 99,999 | 3 | 2 |
| 100,000 – 109,999 | 4 | 3 |
| 110,000 – 119,999 | 0 | 1 |
| 120,000 – 129,999 | 1 | 0 |

Nóta: Chun críche an nochta seo, cuimsíonn sochair ghearrthéarmacha an fhostaí maidir le seirbhís a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre íocaíochtaí eile thar ceann an fhostaí ach ní chuimsíonn sé ÁSPC an fhostóra.

## COSTAIS SAINCHOMHAIRLEOIREACHTA

Áirítear leis na costais sainchomhairleoireachta costas comhairleachta seachtraí don fhoireann bainistíochta agus ní chuimsíonn siad feidhmeanna seachfhoinsithe ar gnáthghnó na heagraíochta iad.

| Mionsonraí | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | 567 | 590 |
| Caidreamh Poiblí/ Margaíocht | – | 19 |
| Acmhainní Daonna | 51 | 99 |
| Clár/ Eagraíochtúil Feabhsú | 552 | 356 |
| Forbairt Scéime | 933 | 738 |
| **Iomlán** | **2,103** | **1,802** |

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Costais Sainchomhairleorachta Caipitlithe | – | – |
| Gearrtar costais shainchomhairleoireachta ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta | 2,103 | 1,802 |
| **Iomlán** | **2,103** | **1,802** |

## COSTAIS DHLÍTHIÚLA AGUS SOCRAÍOCHTAÍ

Sa tábla thíos tá miondealú ar chostais dlí atá sainaitheanta mar chaiteachas sa tréimhse tuarascála. Ní dhearnadh aon socraíocht le linn 2020 (2019: Náid).

| Mionsonraí | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Comhairle | 529 | 556 |
| Dhlí Táillí Dlí – Imeachtaí Dlí | 38 | 34 |
| **Iomlán** | **567** | **590** |

## CAITEACHAS TAISTIL AGUS COTHABHÁLA

Cuimsíonn an Ráiteas Ioncaim & Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta an caiteachas ar thaisteal agus cothabháil atá rangaithe mar seo a leanas:

| Mionsonraí | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Fostaí – Intíre | 32 | 103 |
| Fostaí – Idirnáisiúnta | 7 | 58 |
| **Iomlán** | **39** | **161** |

## CAITEACHAS AR FHÁILTEACHAS AGUS AR LEAS NA FOIRNE


Cuimsíonn an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus na Cúlchistí Ioncaim Choimeádta an caiteachas ar fháilteachas seo a leanas, níor tabhaíodh aon chostas ar fháilteachas a bhain le cliaint:

| Mionsonraí | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Leas na Foirne agus Fáilteachas | 12 | 36 |

## RÁITEAS COMHLÍONTA

Tá an Bord tar éis glacadh leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun géilliúlacht don Chód a chinntiú. Bhí an SEAI ag comhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú go hiomlán don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020.

Signed on behalf of the Board



**Dermot Byrne**
Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann an 28 Meitheamh 2021

# An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## RAON FEIDHME NA FREAGRACHTA

Thar ceann Bhord Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), aithním freagracht an Boird chun a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú. Cuimsíonn an fhreagracht seo riachtanais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an Cód) arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Maidir le 2020, bhreithnigh an Bord impleachtaí COVID-19 a eascródh ó dhearcadh riosca, gnó agus rialuithe agus d'oibrigh sé go dlúth leis an POF, leis an bhfoireann ardbhainistíochta agus leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca chun tabhairt faoi na fadhbanna uile atá ina dtoradh ar an bpaindéim.

## CUSPÓIR LE CÓRAS AN RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Tá córas an rialaithe inmheánaigh deartha chun bainisteoireacht a dhéanamh ar riosca go leibhéal infhulaingthe seachas chun déanamh réidh de ar fad. Dá bharr sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, go ndéanfar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéanfar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú in am trátha.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a réitíonn leis na treoracha a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san údarás don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## CUMAS CHUN AN RIOSCA A LÁIMHSEÁIL

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) seanbhunaithe ag SEAI a bhfuil Téarmaí Tagartha faoi leith aige, atá faofa ag an mBord.

Suas go dtí an 5 Bealtaine 2020 bhí an Coiste sin comhdhéanta de thriúr comhaltaí Boird agus beirt chomhaltaí sheachtracha, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta acu, duine acu is ea an Cathaoirleach. Athraíodh comhdhéanamh an Bhoird i Samhain 2020 go 4 comhalta Boird agus comhalta seachtrach amháin. Bhí naoi gcruinniú ag ARC in 2020. Tugadh mionteagasc don ARC maidir le raon de príomhshaincheisteanna le linn 2020 a bhain le paindéim COVID-19 lenar áiríodh:

- Nósanna imeacht i bhfeidhm chun oibriú cianda a éascú d'fhoireann uile an Údaráis, agus a sláinte agus sábháilteacht san áireamh;
- Athruithe oibríochtúla ar bith agus an cumas TF a úsáideadh chun ligean don aistriú sin;
- An tionchar ar bhuiséid agus ar chláir deontais;
- Tionchair agus rioscaí a bhaineann le tríú páirtithe tábhachtacha;
- Rioscaí cibearshlándála, faisnéis a cuireadh ar fáil don fhoireann agus an oiliúint éigeantach a bhí riachtanach.

Chuir an lucht ardbhainistíochta nuashonruithe rialta ar fáil don ARC agus don Bhord araon ar feadh 2020 maidir le tionchar phaindéim COVID-19. Ag gach cruinniú den Bhord chuir an POF nuashonrú ar fáil maidir le COVID-19 mar chuid de thuarascáil an POF agus tionchair ar an bhfoireann agus ar oibríochtaí an Údaráis san áireamh. Sa Tuarascáil Airgeadais tuairiscíodh na tionchair airgeadais don Bhord agus don ARC.

Tá an SEAI tar éis feidhm iniúchóireachta inmheánaigh a bhunú chomh maith a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aici agus a reáchtálann clár oibre atá comhaontaithe leis an ARC. Faoi láthair tá an obair seo faoi chonradh ag Mazars. Chríochnaigh lucht an Iniúchta Inmheánaigh Plean 2020 ar aon dul le hamlínte bunaidh.

Tá an eagraíocht tar éis beartas um bainistiú riosca a fhorbairt ina leagtar amach an dúil sa riosca atá san eagraíocht, na próisis um bainistiú riosca atá socraithe agus sonraí faoi na dualgais agus na freagrachtaí atá ar an bhfoireann i dtaca leis an riosca. Táthar tar éis an beartas a eisiúint don fhoireann go léir a bhfuiltear ag súil go mbeidh siad ag obair laistigh de bheartais um bainistiú riosca de chuid SEAI, chun an fhoireann bainistíochta a chur ar an airdeall maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn, chun laigí a rialú agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Déanann an Coiste um Chomhlíonadh Cláir inmheánach de chuid SEAI athbhreithniú agus stiúradh ar ghníomhaíocht maidir le gach ceist a bhaineann le calaois phoitéinsiúil a aithnítear trí na nósanna imeachta agus próisis iniúchta agus Prótacal Aonaid Iniúchta SEAI. Is éard atá sa Choiste um Chomhlíonadh Cláir Bainisteoirí trasfheidhmiúla a dhéanann athbhreithniú ar gach eisceacht agus cúis imní ar féidir calaois a bheith mar bhonn leo, agus ar chásanna de neamhchomhlíonadh tromchúiseach. Cuireann sé treorú oibiachtúil ar fáil láithreach, mar aon le tacaíocht don fhoireann bainistíochta líne agus don fhoireann chun na rioscaí seo a mhaolú.

Má aithníonn SEAI go bhfuil suimeanna deontais/scéime ar gá iad a aisíoc leis de bharr mírialtachtaí nó sárú téarmaí agus coinníollacha deontas, lorgófar aisíocaíochtaí deontais ó na húinéirí tí/ conraitheoirí ábhartha.

Nuair is gá, cuirfear cásanna in iúl do Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch.

## CREAT RIOSCA AGUS RIALAITHE

Tá córas um bainistiú riosca curtha i bhfeidhm ag SEAI a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na príomhghníomhaíochtaí bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, chomh fada agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá ann do SEAI agus tá na rioscaí sin aitheanta, rinneadh measúnú agus grádú orthu in ord suntasachta. Déanann ARC agus an Bord an clár a athbhreithniú agus a uasdátú ar bhonn bliantúil.

Is mír bhuan bainistíocht riosca ar Chláir Oibre an ARC agus an Bhoird. Úsáidtear torthaí na measúnachtaí seo chun an plean iniúchta inmheánaigh a phleanáil don bhliain agus chun acmhainní a dháileadh le go ndéanfaí bainistiú ar na rioscaí ag leibhéal inghlactha. In 2020, rinneadh an clár riosca a nuashonrú ar feadh na bliana d'fhonn na rioscaí do SEAI a shainaithint agus a mhaolú mar thoradh ar phaindéim COVID-19. Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochta atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus sanntar dualgais maidir le feidhmiú rialuithe do chomhaltaí foirne ar leith.

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- Tá na nósanna imeachta maidir leis na príomhphróisis ghnó ar taifead;
- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach;
- Tá córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil ann a ndéanann an fhoireann ardhbhainistíochta athbhreithniú air;
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú;
- Tá córas iomchuí i bhfeidhm chun slándáil faisnéis a chosaint agus chun timpeallachta rialaithe imleor a choimeád le linn thréimhse an oibrithe chianda mar thoradh ar phaindéim COVID-19.
- Tá córais i bhfeidhm chun cosaint a thabhairt do na sócmhainní; agus
- Dearbhaíonn nósanna imeachta rialaithe i dtaobh maoiniú deontas ar ghníomhaireachtaí seachtracha rialú leordhóthanach ar fhaomhadh deontas agus monatóireacht agus athbhreithniú ar dheontaithe chun cinntiú gur cuireadh maoiniú deontas i bhfeidhm chun na críche a bhí beartaithe.

## MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ LEANÚNACH

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuireadh easnaimh rialaithe in iúl do na daoine sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don fhoireann bainistíochta agus don Bhord, nuair ba ghá, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- go dtugtar aitheantas do na príomhrioscaí agus na rialuithe a bhaineann leo agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh aitheanta a thuairisciú;
- go bhfuil socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta; agus
- go ndéanann an fhoireann ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha feidhmíochta agus airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le buiséid/réamhaisnéisí.

I nDeireadh Fómhair 2020 bhreithnigh an lucht ardbhainistíochta páipéar ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste dar teideal "OCAG insights: The impact of COVID-19 on your control environment" a eisíodh chuig gach comhlacht poiblí. Bhí an lucht ardbhainistíochta sásta gur thug SEAI faoi gach saincheist a ardaíodh.

Cuireadh athruithe ábhartha ar phróisis a theastaíonn chun oibríochtaí leanúnacha a éascú in iúl don ARC.

Breithníodh an doiciméad sin freisin mar chuid d'athbhreithniú ag iniúchadh inmheánach ar chóras an rialaithe inmheánaigh a bhí i bhfeidhm le linn na bliana.

## SOLÁTHAR

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag SEAI d'fhonn comhlíonadh rialacha agus treoirlínte soláthair reatha a chinntiú agus gur chomhlíon SEAI na nósanna imeachta sin in 2020.

## ATHBHREITHNIÚ AR AN ÉIFEACHTÚLACHT


Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag SEAI chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú SEAI ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha, an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus na foirne ardbhainistíochta laistigh de SEAI atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhním go bhfuil an Bord tar éis athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2020 agus d'fhaomh sé an t-athbhreithniú sin an 31 Márta 2021.

## SAINCHEISTEANNA RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Níor aithníodh aon laigí maidir le rialú inmheánach in 2020 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhoird



**Dermot Byrne**
Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann an 28 Meitheamh 2021

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**Tuarascáil le Cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais - Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann**

## TUAIRIM FAOI NA RÁITIS AIRGEADAIS

Tá Ráitis Airgeadais Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann iniúchta agam don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 mar a éilítear faoi fhorálacha alt 24 den Acht um Fhuinneamh Inbhuanaithe 2002. Cuimsítear leis na ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim choimeádta
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid, agus
- na nótaí a ghabhann leo, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ar an 31 Nollaig 2020 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain 2020 i gcomhréir le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 – an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

## BUNÚS NA TUAIRIME

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (ISAanna) de réir mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin ar fáil san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus tá mo fhreagrachtaí eile eiticiúla comhlíonta agam faoi réir na gcaighdeán.

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá bailithe agam leordhóthanach agus cuí chun bonn a chur faoi mo thuairim.

## TUAIRISC AR EOLAS NACH MBAINEANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS, AGUS AR ÁBHAIR EILE

Tá Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann tar éis roinnt eolais eile a chur i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialaithe agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos ar fáil san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá agam chun tuairisciú ar eolas dá leithéid agus ar ábhair eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus McCarthy**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste an 29 Meitheamh 2021

## AGUISÍN LEIS AN TUARASCÁIL

### Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

De réir mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil Chomhaltaí an Bhoird, tá Comhaltaí an Bhoird freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe in alt 24 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002
- cinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir i gcomhréir le FRS 102
- an rialtacht idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht úsáid an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasaíocht, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad is gá le go bhféadfar ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíthuairisc ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá ceangal orm faoi fhorálacha alt 24 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002 chun iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus chun tuairisciú ina dtaobh roimh Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíthuairisc ábhartha de bharr calaoise nó earráide.

Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna míthuairisc ábhartha i gcónaí más ann dó. D'fhéadfadh míthuairiscí tarlú mar thoradh ar chalaois nó ar earráid agus meastar iad le bheith ábhartha más rud é gur féidir a mheas go réasúnach

go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a ghlactar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Déanaim rioscaí maidir le míthuairisc ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, a shainaithint agus a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi. Is airde an riosca nach n-aimseofar míthuairisc ábhartha de bharr calaoise ná an riosca maidir le ceann a eascraíonn as earráid, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéisí, nó gabháil treise ar an rialú inmheánach i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara.
- Is é an tátal a bhainim as oiriúnacht na húsáide maidir le gnóthas leantach cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a aimsíodh, maidir le cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Más é an tátal a bhainim as go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, tá ceangal orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, murar cuí na nochtuithe sin, mo thuairim a choigeartú.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar mhodh lena mbaintear cur i láthair cóir amach.

Cuirim in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, raon feidhme beartaithe agus uainiú an iniúchta agus tátail shuntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh a aimsím le linn m'iniúchta i dtaca le rialachas inmheánach.

## Eolas nach mbaineann leis na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear le mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an t-eolas eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chineál tátail maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá ceangal orm faoi na ISAnna an t-eolas eile a léamh a cuireadh i láthair agus, mé á dhéanamh sin, breathnú an bhfuil an t-eolas eile neamhchomhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a aimsíodh le linn an iniúchta, nó an cosúil ar shlí eile go ndearnadh míthuairisc ábhartha ina leith. Más rud é go mbainim an tátal, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míthuairisc ábhartha ann i dtaca leis an eolas eile sin, tá ceangal orm é sin a thuairisciú.

## Tuairisciú ar cheisteanna eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má shainaithním nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ina ndéantar gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má shainaithním aon chás ábhartha sa chás nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm do na cuspóirí a beartaíodh nó nár chomhlíon na hidirbhearta na húdaráis a rialaigh iad.

Tuairiscím freisin trí eisceacht más rud é, i mo thuairim,


- nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le hiniúchadh na ráiteas airgeadais a cheadú go héasca agus i gceart, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

# Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta


## Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2020

| | NÓTAÍ | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| **IONCAM** | | | |
| Deontas Stáit | 3 | 145,546 | 176,734 |
| Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh | 9 | 2,756 | 3,271 |
| Ioncam Conartha AE | 4 | 263 | 75 |
| Ioncam Eile | 5 | 132 | 572 |
| Glanchistiú Iarchurtha do Phinsin don Bhliain | 15(c) | 2,347 | 2,067 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin a Íocadh leis an RCAC agus leis an RCPA | 6.1 | (322) | (308) |
| **Ioncam Iomlán** | | **150,722** | **182,411** |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Caiteachas Riaracháin | 6 | 15,687 | 15,034 |
| Caiteachas Cláir | 7 | 133,501 | 158,131 |
| Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh | 9 | 2,422 | 3,078 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **151,610** | **176,243** |
| **Farasbarr/ (Easnamh) don Bhliain roimh leithreasaí** | | **(888)** | **6,168** |
| Gluaiseacht i suimeanna dlite don RCAC | 8 | (87) | (56) |
| Aistriú ón/(chuig an) gCuntas Caipitil | 13 | 637 | (4,321) |
| **Farasbarr/ (Easnamh) don Bhliain i ndiaidh Leithreasaí** | | **(338)** | **1,791** |
| **Farasbarr amhail an 1 Eanáir** | | **2,355** | **564** |
| **Farasbarr amhail an 31 Nollaig** | | **2,017** | **2,355** |

Áirítear an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.



**Dermot Byrne**
Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann an 28 Meitheamh 2021



**William Walsh**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann an 28 Meitheamh 2021

# An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

## Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2020

| | NÓTAÍ | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| **AN RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH** | | | |
| Farasbarr don Bhliain i ndiaidh Leithreasaí | | (338) | 1,791 |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Taithí ar Oibleagáidí Sochair Scoir | | (647) | 553 |
| (Caillteanas)/Gnóthachan Achtúireach ag eascairt as Athruithe ar Thoimhdí atá ina mbunús le luach reatha Oibleagáidí Sochair Scoir | | (4,883) | (6,746) |
| (Caillteanas)/Gnóthachan Achtúireach sa Bhliain | 15 | (5,530) | (6,193) |
| Coigeartú ar Mhaoiniú um Shochair Scoir Iarchurtha | 15 | 5,530 | 6,193 |
| **Ioncam Cuimsitheach Iomlán don Bhliain** | | **(338)** | **1,791** |

Áirítear an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Dermot Byrne**
Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann an 28 Meitheamh 2021

**William Walsh**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann an 28 Meitheamh 2021

# An Ráiteas ar Staid an Airgeadais

**Amhail an 31 Nollaig 2020**

| | NÓTAÍ | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| **Maoin, Gléasra agus Trealamh** | **10** | **4,013** | **4,650** |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Airgead Tirim agus a Choibhéis | 14 | 4,980 | 4,916 |
| Infháltais agus Réamhíocaíochtaí | 11 | 1,255 | 2,061 |
| | | **6,235** | **6,977** |
| **DLITEANAIS REATHA** | | | |
| Suimeanna Iníoctha & Fabhruithe | 12 | (4,218) | (4,622) |
| **Glan-sócmhainní Reatha** | | **2,017** | **2,355** |
| Oibleagáid Sochair Scoir | 15 B | (47,768) | (39,891) |
| Coigeartú ar Mhaoiniú um Shochair Scoir Iarchurtha | 15 B | 47,768 | 39,891 |
| **Glan-sócmhainní Reatha** | | **6,030** | **7,005** |
| **ARNA LÉIRIÚ AG** | | | |
| An Cuntas Caipitil | 13 | 4,013 | 4,650 |
| Cúlchistí Ioncaim Choimeádta | | 2,017 | 2,355 |
| | | **6,030** | **7,005** |

Áirítear an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Dermot Byrne**
Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na
hÉireann an 28 Meitheamh 2021

**William Walsh**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana na
hÉireann an 28 Meitheamh 2021

# An Ráiteas ar na Sreafaí Airgid

## Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2020

| NÓTAÍ | | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| **GLANSREAFAÍ AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN** | | | |
| Ioncam Breise thar Chaiteachas | | (338) | 1,791 |
| Glanaistriú chuig an gCuntas Caipitil | 13 | (637) | 4,321 |
| Ús Bainc Íoctha | | 69 | 44 |
| Dímheas Sócmhainní Seasta | 10 | 932 | 864 |
| (Méadú)/Laghdú ar Chuntais infhála | 11 | 806 | (585) |
| (Méadú)/Laghdú ar Chuntais iníoctha | | (404) | (990) |
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **428** | **5,445** |
| **SREAFAÍ AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA** | | | |
| Íocaíochtaí chun Maoin, Gléasra & Trealamh a Insealbhú | 10 | (295) | (5,185) |
| **SREAFAÍ AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ MAOINITHE** | | | |
| Ús Bainc Íoctha | | (69) | (44) |
| **Méadú ar Airgead Tirim agus a Choibhéis** | | **64** | **216** |
| Glanmhéadú/(Glanlaghdú) ar Airgead Tirim agus a Choibhéis | | 64 | 216 |
| Airgead Tirim agus a Choibhéis amhail an 1 Eanáir | | 4,916 | 4,700 |
| **Airgead Tirim agus a Choibhéis amhail an 31 Eanáir (Nóta 14)** | | **4,980** | **4,916** |

# Na Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá na beartais shuntasacha chuntasaíochta a cuireadh i bhfeidhm nuair a bhí na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú leagtha amach seo thíos. Cuireadh na beartais seo i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus i rith na mblianta go léir roimhe seo.

### (A) Tréimhse na Ráiteas Airgeadais

Clúdaíonn na ráitis airgeadais an bhliain ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2020.

### (B) Ráiteas ar chomhlíontacht

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe, seachas má luaitear a mhalairt thíos. Ullmhaítear iad i gcomhréir leis an gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102, "An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá Infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" ("FRS 102"), arna eisiúint ag an gComhairle um Chuntasaíocht Airgeadais. Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, agus san fhormáid atá faofa ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Is é an t-aonad airgeadra ina n-ainmnítear na ráitis airgeadais an Euro.

### (C) Deontas Stáit

Léirítear i nDeontais Stáit (Nóta 3) sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta an méid a fuarthas sa bhliain.

### (D) Caiteachas Deontais

Tuairiscítear Ceangaltais Deontais mar chaiteachas sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta nuair a comhlíonadh gach coinníoll a bhain leis an deontas nó le híocaíocht chéimnithe dá chuid. Tiocfaidh laghdú ar Cheangaltais Deontais ar íocaíocht deontais nó ar éag an chomhaontaithe deontais.

Nochtar gach Ceangaltas Deontais oscailte i Nóta 16.

### (E) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear Sócmhainní Seasta ar a gcostas lúide dímheas carntha. Ríomhtar dímheas ar bhonn líne dhíreach d'fhonn costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh i gcaitheamh a saoil mheasta mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Costais Feistithe Tithíochta | 10% |
| Mótarfheithiclí | 20% |
| Trealamh TF agus Bogearraí | 33.33% |
| Trealamh Oifige | 33.33% |
| Clár na nAigéan | 33.33% |

Tuairiscítear an Talamh ar a chostas. Nuair atá nod ann gur lú na méideanna in-aisghabhála sócmhainne ná a luach tugtha anonn, déantar athbhreithniú bearnúcháin. Más lú an méid in-aisghabhála ná an méid glanluacha, laghdaítear an tsócmhainn síos go dtí a méid in-aisghabhála as a leanann caillteanas lagaithe. Tuairiscítear caillteanais bhearnúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas láithreach.

Dímheastar sócmhainní ar a bhfuil luach níos lú ná €1,000 go hiomlán i mbliain na héadála. Gearrtar dímheas bliana iomláine i mbliain na héadála; ní ghearrtar aon dímheas i mbliain na diúscartha.

Tuairiscítear an gnóthachan nó an caillteanas, arb é an difríocht idir na fáltais díola agus suim ghlanluacha na sócmhainne, a tharlaíonn de thoradh diúscartha nó scor earra sócmhainní seasta sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta.

Coimeádtar gléasra agus trealamh atá dímheasta go hiomlán sna ráitis airgeadais go dtí nach bhfuil siad á n-úsáid a thuilleadh.

Déantar costais Forbartha Córas TF a bhaineann le cláir ar leith SEAI a chlárú mar chaiteachas sa bhliain ina dtiteann siad amach. Rinne an fhoireann bainistíochta breithniú ar an mbeartas agus creideann siad, mar gheall ar chineál dinimiciúil agus athraitheach na gclár, gur cuí na costais seo a chlárú mar chaiteachas.

### (F) Aoisliúntas

Foráiltear in Alt 17 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 go mbunóidh an tÚdarás scéimeanna aoisliúntais. Scéim le sochar sainithe is ea an scéim chun críocha Acht na bPinsean, 1990.

Léirítear i gcostais phinsin sochair phinsin a thuill fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a aisíoctar leis an Roinn i gcomhréir le socruithe maoinithe gníomhaireachta. Aithnítear suim atá ar aon dul leis an táille phinsin mar ioncam sa mhéid is gur féidir leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide é a aisghabháil, agus go ndéanann sé cúiteamh ar dheontais a fuarthas sa bhliain d'fhonn íocaíochtaí pinsin a scaoileadh. Léirítear sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coimeádta gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais na scéime agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim is féidir a aisghabháil ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Is éard atá i ndliteanais phinsin ná an luach reatha íocaíochtaí a bheidh ar phinsin amach anseo a thuill an fhoireann go dtí seo. Is éard atá i gcistiú iarchurtha pinsin ná an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh le haisghabháil i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Lena chois sin, déanann an tÚdarás an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (An Scéim Aonair), ar scéim pinsin sochair shainithe í, a fheidhmiú do sheirbhísigh phoiblí inphinsin ar ceapadh iad ar an 1 Eanáir 2013 nó i ndiaidh an dáta sin. Íoctar ranníocaíochtaí de chuid chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá na dliteanais ghaolmhara i dtaca le híocaíochtaí pinsin amach anseo agus sócmhainn chomhfhreagrach san áireamh i ráitis airgeadais an SEAI.

### (G) An Cuntas Caipitil

Is éard atá sa Chuntas Caipitil luach gan amúchadh atá ar ioncam a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

### (H) Léasanna

Aithnítear Íocaíochtaí Léasa faoi léasanna oibriúcháin mar chostas thar an tréimhse a bhfaigheann an SEAI sochar ón áitreabh.

### (I) An Treoir um Fheidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (EPBD)

Gineann an tÚdarás ioncam EPBD faoin scéim Rátála Fuinnimh Foirgnimh (BER) (I.R. Uimh. 243 de 2012 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh), 2012, ar déileáladh leo roimhe seo faoi I.R. Uimh. 666 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh), 2006 arna leasú). Faoin reachtaíocht, ní mór d'úinéir foirgnimh Deimhniú BER agus Tuairisc Chomhairleach a sholáthar do cheannaitheoirí nó tionóntaí ionchasacha nuair a dhéantar foirgneamh a thógáil, a dhíol nó a ligean ar cíos.

Tá táillí éagsúla iníoctha maidir le BER lena n-áirítear táille ar chlárú measúnóra agus tobhach maidir le gach measúnú BER a chuirtear isteach sa tréimhse chuig an Údarás chun Deimhniú BER a eisiúint. Cuirtear ioncam EPBD san áireamh ar bhonn fabhruithe.

### (J) Ioncam Conartha AE

Is éard is ioncam conartha AE ná ioncam ó ghníomhaíochtaí san Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Fuinneamh In-Athnuaite, cur chun cinn na teicneolaíochta, scaipeadh faisnéise, taighde agus comhordú agus bainistíocht imeachtaí. Aithnítear ioncam de réir théarmaí an chonartha agus tá sé bunaithe ar am agus ar fheidhmíocht riachtanais an chonartha. Cuirtear cistí ar ais chuig an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ar a bhfáil, nó coimeádtar iad laistigh de SEAI, bunaithe ar théarmaí an chonartha.

### (K) Ioncam Eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhruithe i gcomhréir le ham na riachtanas feidhmíochta.

### (L) Breithiúnais agus Meastacháin Thábhachtacha Chuntasaíochta

I dtaca le costais phinsin, tá na toimhdí atá mar bhonn de na luachálacha achtúireacha lena n-áirítear na suimeanna a thuairiscítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe sna leibhéil phá amach anseo, sna rátaí báis agus sna rátaí treochta i gcostais cúraim shláinte) a uasdátú uair sa bhliain bunaithe ar choinníollacha reatha, agus de réir aon athruithe ábhartha a thagann ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iar-scoir.

Is féidir leis an méid seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar ráta an toraidh ar bhannaí corparáideacha d'ardchaighdeán

(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, coinníollacha margaidh fostaíochta amach anseo.

## 2. Tionchar Phaindéim COVID-19

Cruthaíodh dúshláin shuntasacha do SEAI agus don gheilleagar iomlán in 2020 le ráig den phaindéim COVID-19 chomh maith leis na bearta a glacadh ina dhiaidh sin chun sláinte phoiblí a bhainistiú.

Ar bhonn seachtrach, bhí táirgeacht laghdaithe ina toradh ar na srianta ar fud roinnt earnálacha agus ar fud gníomhaíochtaí arna dtacú ag SEAI. Mar thoradh ar shrianta san earnáil foirgníochta go háirithe bhí táirgeacht níos lú ná mar a bhíothas ag súil léi, go háirithe maidir le roinnt clár iarfheistithe baile. Leanann SEAI le cloí leis an gcomhairle sláinte poiblí is déanaí agus le treoir a sholáthar dóibh siúd atá ag obair ar scéimeanna tacaithe de réir mar is gá. Cé go bhfuil sé deacair chun a chainníochtú, gan amhras bhí tionchar aige sin ar chumas SEAI chun ár dtacaíocht a uasmhéadú don earnáil fuinnimh inbhuanaithe in Éirinn in 2020.

Ar bhonn inmheánach, leanann foireann SEAI le hobair a dhéanamh go cianda agus próisis imleora agus cumas TF imleor i bhfeidhm roimh thús na paindéime, d'fhonn an t-aistriú in ord sin a chinntiú Leanann foireann SEAI le dul i gcomhairle go minic le páirtithe leasmhara agus nuair is gá, tá príomhsheirbhísí fós i bhfeidhm. Leanann an Bord agus an fhoireann bhainistíochta le dul i dteagmháil le chéile chun SEAI a threorú ar bhealach tairbheach trí shaincheisteanna reatha agus le pleananna amach anseo an Údaráis a fhoirmliú.

Is comhlacht rialtais SEAI atá maoinithe ina iomláine. Faigheann SEAI tacaíocht go fóill ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Leanfaidh SEAI le hobair a dhéanamh chun an earnáil fuinnimh inbhuanaithe in Éirinn a spreagadh agus a thacú i rith na míonna agus na mblianta le teacht.

## 3. Deontas Stáit

Faoi alt 22(1) den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002, soláthraíonn an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maoiniú don Údarás chun tabhairt faoina fheidhmeanna.

Cuirtear an cistiú go léir ar fáil tríd an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (Vóta 29).

| | Vóta Fo-cheannteideal | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| **RIAR SEAI** | | | |
| – Reatha | B3 | 12,385 | 12,387 |
| – Caipiteal | B3 | – | 4,998 |
| **CLÁIR FUINNIMH INBHUANAITHE** | | | |
| – Reatha | B4 | 11,437 | 11,437 |
| – Caipiteal | B4 | 115,777 | 139,737 |
| **CLÁIR TAIGHDE FUINNIMH** | | | |
| – Reatha | B5 | 708 | 825 |
| – Caipiteal | B5 | 5,239 | 7,350 |
| **Caiteachas Cláir Iomlán** | | **145,546** | **176,734** |

## NA NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – AR LEANÚINT

### 4. Ioncam Conartha AE

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| OceanSET (b) | 129 | – |
| AFLOWT (b) | 50 | 17 |
| OPIN (b) | 45 | 9 |
| RERD&D Era Net (b) | – | 56 |
| Odyssey Mure (a) | 3 | (6) |
| Ocean Era Net (a) | – | 14 |
| Gníomhaíocht Chomhbheartaithe V EPBD (a) | – | (37) |
| Eile (a) | 36 | 22 |
| | **263** | **75** |

(a) Meastar gur leithreasaí cúnaimh iad na tionscadail seo agus dá bharr sin cuirtear na fáltais ar fad chuig an RCAC ar a bhfáil.

(b) Tá na tionscadail seo sa bhreis ar an vóta agus dá bharr sin coimeádtar na cistí a fhaightear laistigh de SEAI.

### 5. Ioncam Eile

Is éard atá in ioncam eile ná fáltais ó chúrsaí agus fáltais urraíochta.

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam Eile | 50 | 37 |
| Ioncam Cómhaoinithe RERD&D | 82 | 535 |
| | **132** | **572** |

Faightear ioncam cómhaoinithe Forbartha & Imlonnaithe, Taighde Fuinnimh Inmharthana ó ghníomhaireachtaí rialtais eile chun deontais taighde a pháirtmhaoiniú. Aithnítear ioncam i gcomhréir le luach an deontais a eisítear agus an céatadán de chómhaoiniú a sholáthraítear i ngach dámhachtain taighde.

### 6. Caiteachas Riaracháin

Tá na hearraí seo a leanas i gceist le Caiteachas Riaracháin:

| | | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| Tuarastail agus táillí gaolmhara | 6.1 | 7,056 | 7,372 |
| Costais phinsin | 15(a) | 2,288 | 2,093 |
| Earcaíocht, Oiliúint & Oideachas | | 248 | 263 |
| Fógraíocht agus Bolscaireacht | | 219 | 255 |
| Táillí Gairmiúla Ginearálta | 6.2 | 90 | 141 |
| Cíos, Rátaí agus Táillí Seirbhíse | 6.3 | 2,866 | 2,121 |
| Teicneolaíocht Faisnéise | 6.4 | 1,486 | 1,255 |
| Riarachán Ginearálta | 6.5 | 1,434 | 1,534 |
| | | **15,687** | **15,034** |

### 6.1 Tuarastail agus Táillí Gaolmhara

| | | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha | | 5,955 | 5,835 |
| ÁSPC Fostóirí | | 609 | 592 |
| Foireann Gníomhaireachta/Conartha | | 420 | 867 |
| Díolaíochtaí Comhaltaí Boird | 18 | 72 | 78 |
| | | **7,056** | **7,372** |

Rinneadh bunús leithdháilte chostais fhoireann na gníomhaireachta a choigeartú in 2020. I gcásanna nuair a bhí sé indéanta obair baill foirne áirithe a chur go díreach i leith cláir aithníodh an costas mar chostas cláir

Níor íocadh aon íocaíochtaí foirceanta sa bhliain (2019: €0)

Níor íocadh aon íocaíochtaí ragoibre sa bhliain (2019: €0)

D'íoc an tÚdarás €166,793 (2019: €159,899) i ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaí lena mháthair-roinn RCAC in 2020 i dtaca le scéim aoisliúntais an SEAI. D'íoc sé €155,194 (2019: €147,675) ar ais leis an RCPA freisin i dtaca le comhaltaí na Scéime Aonair. Níl ceangal ar an Údarás ranníocaíochtaí fostóra a dhéanamh faoi na scéimeanna.

### Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

D'éirigh an t-iar-Phríomhfheidhmeannach as ar an 27 Meán Fómhair 2019. B'ionann a luach saothair in 2019 agus €101,268 agus bhí costais €1,254 aige.

Ceapadh an POF Idirlinne ar an 27 Meán Fómhair 2019. B'ionann a luach saothair mar POF Eatramhach in 2020 agus €128,528 (2019: €31,972) agus bhí costais €691 aige (2019: €644).

Ní sháraíonn teidlíocht phinsin an POF reatha na teidlíochtaí caighdeánacha atá i scéim aonair pinsin na hearnála poiblí. Ní áirítear lena chonradh scéim dámhachtainí a bhaineann le feidhmíocht nó aon sochair chomhchineáil/réamhriachtanais.

### Luach Saothair na Príomhbhainistíochta

Príomhphearsanra bainistíochta in SEAI in 2020 agus in 2019 cuimsíodh an POF agus seachtar Cinn na Ranna leis. Is mar seo a leanas atá luach iomlán na sochar fostaithe a bhaineann leis na comhaltaí príomhbhainistíochta:

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Tuarastail | 898,497 | 897,504 |

Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin na foirne bainistíochta na teidlíochtaí caighdeánacha sa scéim eiseamláireach san earnáil phoiblí nó i scéim aonair na hearnála poiblí. Ní áirítear le Conarthaí Fostaíochta scéim dámhachtainí a bhaineann le feidhmíocht nó aon sochair chomhchineáil/réamhriachtanais.

### Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais (ASC)

Rinneadh €199,576 (2019: €240,289) de ranníocaíochtaí breise aoisliúntais (ASC) a bhaint as tuarastail agus íocadh é leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide le linn na bliana. Cuireadh é seo ann in ionad asbhaint a bhaineann le pinsean ag tús 2019.

### Táillí Boird

Tá táillí an Bhoird tuairiscithe i Nóta 18.

### Conradh Buan agus Fadtéarmach

Ba ionann an meánlíon fostaithe buana agus fadtéarmacha conartha don tréimhse agus 95 (2019: 92). Ba ionann líon na bhfostaithe coibhéiseacha lánaimseartha ag deireadh na tréimhse agus 93.1 (2019: 90.6).

## 6.2 Sainchomhairleoireacht Ghinearálta agus Táillí Gairmiúla

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Comhairle | 19 | 91 |
| Straitéiseach Táillí Rúnaíochta | 71 | 50 |
| | **90** | **141** |

## 6.3 Cíos, Rátaí agus Táillí Seirbhíse

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Cíos | 1,988 | 1,760 |
| Rátaí | – | 67 |
| Táillí Seirbhíse | 764 | 253 |
| Fóntais | 114 | 41 |
| | **2,866** | **2,121** |

Le linn 2019 d'athlonnaigh SEAI chuig príomhoifig nua, le hachar urláir breise, atá níos oiriúnaí do riachtanais na heagraíochta. Tá an t-áitreabh lonnaithe i bPlás na Trí Pháirc, Sráid Hatch Uachtair, Baile Átha Cliath 2, D02 FX65.

Ba é 2020 an chéad bhliain nuair a bhí an cheannoifig nua áitithe ina hiomláine. Mar thoradh air sin bhí leibhéal méadaithe táillí seirbhíse ann in 2020 i gcomparáid leis an mbliain chomparáideach.

## 6.4 Teicneolaíocht Faisnéise

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Ceadúnais TF & Caiteachas Ginearálta | 739 | 534 |
| Cothabháil agus Tacaíocht TF | 547 | 621 |
| Forbairt Córas TF | 200 | 100 |
| | **1,486** | **1,255** |

## 6.5 Riarachán Ginearálta

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Taisteal & Cothabháil – An Fhoireann | 3 | 23 |
| Taisteal & Cothabháil - An Bord | – | 1 |
| Dímheas | 932 | 864 |
| Táillí iniúchóireachta – seachtrach | 35 | 35 |
| Táillí iniúchóireachta - inmheánach | 70 | 29 |
| Árachas agus Dlí | 142 | 183 |
| Eile | 252 | 399 |
| | **1,434** | **1,534** |

## NA NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – AR LEANÚINT

### 7.7. Caiteachas Cláir

Tá na hearraí seo a leanas i gceist le Caiteachas Riaracháin:

| | | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| **ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH** | | | |
| Fuinneamh Níos Fearr Tithe Níos Teo | 7.1 | 24,024 | 40,528 |
| Teas Fuinnimh Níos Fearr & Folláine | 7.2 | 2,236 | 8,230 |
| Tithe Fuinnimh Níos Fearr | 7.3 | 20,012 | 25,654 |
| PV Gréine | 7.4 | 8,060 | 4,833 |
| Clár Píolótach Iarfheistithe Domhain | 7.5 | 8,327 | 6,092 |
| Fuinneamh Pobail | 7.6 | 19,346 | 20,660 |
| An Clár um Fhorbairt Iarfheistithe | 7.7 | 1,575 | 1,222 |
| Maoiniú Fuinnimh Níos Fearr | 7.8 | 407 | 802 |
| Tionsclaíocht & Gnó Iarfheistithe | 7.9 | 4,444 | 5,387 |
| Éifeachtúlacht Fuinnimh san Earnáil Phoiblí | 7.10 | 9,967 | 10,546 |
| Clár na Scoileanna | 7.11 | 371 | 501 |
| Faireachas Margaidh | 7.12 | 417 | 341 |
| **FUINNEAMH IN-ATHNUAITE** | | | |
| Taighde, Forbairt & Imlonnú Fuinnimh In-Athnuaite | 7.13 | 3,641 | 4,165 |
| Fuinneamh Aigéin | 7.14 | 2,316 | 3,753 |
| Scéim Tacaíochta do Theas In-athnuaite | 7.15 | 749 | 1,105 |
| **AN NUÁLAÍOCHT & AN COMHTHÁTHÚ** | | | |
| Anailís Bheartais Straitéisigh | 7.16 | 945 | 1,198 |
| Staitisticí agus Samhaltú Fuinnimh | 7.17 | 303 | 386 |
| **IOMPAR** | | | |
| Feithiclí Leictreacha | 7.18 | 26,361 | 22,728 |
| | | **133,501** | **158,131** |

Áirítear na costais riaracháin go léir a bhaineann go díreach le caiteachas clár sna costais chláir thuas.

Rinneadh figiúirí áirithe comparáideacha a athrangú agus a athléiriú ar an mbonn céanna leo siúd don bhliain reatha.

### 7.1 Fuinneamh Níos Fearr Tithe Níos Teo

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Conraitheoirí Príobháideacha | 21,175 | 37,311 |
| Seirbhísí Teicniúla & Iniúchtaí | 1,989 | 2,398 |
| Bainistíocht Custaiméirí & Dearbhú Cáilíochta | 240 | 266 |
| Costais Eile | 215 | 95 |
| Forbairt Córas TF & Cothabháil | 403 | 456 |
| Costais Taistil | 2 | 2 |
| | **24,024** | **40,528** |

Tugtar tacaíocht le huasghrádú a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh tithe faoi úinéireacht phríobháideach a bhfuil bochtaineacht bhreosla acu leis an scéim Fuinneamh Níos Fearr Tithe Níos Teo. In 2020 rinneadh 1,524 uasghrádú (2019: 3,077) faoin scéim Fuinneamh Níos Fearr Tithe Níos Teo. Imríodh tionchar suntasach ar líon na mbailte a críochnaíodh mar gheall ar phaindéim COVID-19, rud a chur cosc le hoibreacha uasghrádaithe a chur i bhfeidhm ag amanna éagsúla le linn na bliana.

### 7.2 Teas Fuinnimh Níos Fearr & Folláine

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Conraitheoirí Príobháideacha | 1,872 | 7,850 |
| Seirbhísí Teicniúla & Iniúchtaí | 240 | 301 |
| Feidhmiú/Bolscaireacht Cláir | 124 | 79 |
| | **2,236** | **8,230** |

Tá sé d'aidhm ag an Scéim Teasa agus Folláine feabhas a chur ar dhálaí maireachtála daoine leochaileacha atá ag fulaingt le fadhbanna riospráide ainsealaí. In 2020 rinneadh 91 uasghrádú (2019: 347) agus íocadh astu faoin Scéim Teasa & Folláine. Forbraíodh an scéim mar chár píolótach chun tuiscint a fháil ar dhea-thionchar Iarfheistithe i gcás daoine atá ag fulaingt le fadhbanna riospráide ainsealaí. In 2020, imríodh tionchar suntasach ar líon na mbailte a críochnaíodh ag paindéim COVID-19.

## 7.3 Tithe Fuinnimh Níos Fearr

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais Eisithe | 17,080 | 22,563 |
| Seirbhísí Teicniúla & Iniúchtaí | 1,171 | 1,202 |
| Operational Delivery | 1,357 | 1,049 |
| Costais Eile | 85 | 157 |
| Costais TF | 300 | 587 |
| Fógraíocht | 17 | 87 |
| Costais Taistil | 2 | 9 |
| | **20,012** | **25,654** |

Clár náisiúnta iarfheistithe is ea an Clár um Thithe Fuinnimh Níos Fearr atá ar fáil do gach uile úinéir tí, tiarnaí talún san áireamh, gan tástáil acmhainne. Spreagann sé úinéirí tí chun tithe níos éifeachtúla a dhéanamh dá dtithe ó thaobh fuinnimh de. Baintear é seo amach trí dheontais a sholáthar do shraith beart ar féidir iad a roghnú ina n-aonar, nó mar mheascán agus ar bhonn céim ar chéim chun iarfheistiú níos cuimsithí a bhaint amach le himeacht na haimsire. In 2020, íocadh deontais ar 12,227 dteach (2019: 18,218). Imríodh tionchar ar líon na mbailte a críochnaíodh trí dhúnadh tógála a bhain le paindéim COVID-19.

## 7.4 PV Gréine

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais Eisithe | 7,355 | 4,276 |
| Seirbhísí Teicniúla & Iniúchtaí | 191 | 161 |
| Soláthar Oibríochtúil | 369 | 193 |
| Costais Taistil | – | 3 |
| Costais TF | 145 | 200 |
| | **8,060** | **4,833** |

Cuireann an Scéim PV Gréine tacaíocht ar fáil maidir le córas fótavoltach (PV) a cheannach agus a shuiteáil agus/nó córas stórála fuinnimh cadhnra (BESS). Is íocaíocht aon uaire le húinéirí tí í seo atá bunaithe ar shuiteáil táirgí a chomhlíonann riachtanais na scéime. Tá méid an deontais iníoctha bunaithe ar thoilltí na gcóras PV gréine agus BESS a suiteáladh.

## 7.5 Clár Píolótach Iarfheistithe Dhomhain

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais Eisithe | 7,961 | 5,837 |
| Seirbhísí Teicniúla & Iniúchtaí | 98 | 69 |
| Forbairt Córas TF | 268 | 182 |
| Costais Taistil | – | 4 |
| | **8,327** | **6,092** |

Cruthaíodh an clár Píolótach Iarfheistithe Dhomhain chun dul i ngleic le dúshlán na héifeachtúlachta fuinnimh in Éirinn. Fiosraíonn sé na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann leis an iarfheistiú domhain. Rachaidh an méid a fhoghlaimeofar sna cláir phíolótacha seo i gcion ar an gcur chuige a bheidh againn i dtaobh iarfheistiú mórscála domhain ar fhoirgnimh in Éirinn. Críochnaíodh 196 iarfheistiú domhain go rathúil i mbailte leis an scéim phíolótach in 2020 (2019: 111), agus críochnaíodh líon iomlán de 527 dteach go dtí seo ó seoladh an clár in 2017. Rachaidh na léargais ó na tithe seo go mór i gcion ar na réitigh a theastaíonn chun iarfheistiú a bhaint amach go dtí Rátáil A-BER agus ar na riachtanais iarfheistithe domhain in Éirinn amach anseo freisin. Tá an Clár Píolótach Iarfheistithe Dhomhain dúnta d'iarratais nua.

## 7.6 Fuinneamh Pobail

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais Eisithe | 17,591 | 18,953 |
| Seirbhísí Teicniúla & Iniúchtaí | 104 | 156 |
| Costais Taistil | 4 | 29 |
| Costais TF | 146 | 46 |
| Tacaíocht Mhonatóireachta SEC | 1,106 | 815 |
| Costais Oibríochtúla Eile | 395 | 661 |
| | **19,346** | **20,660** |

**Deontais Phobail:** Tacaíonn an clár deontais Pobail Fuinnimh Níos Fearr le tionscadail ag leibhéal an phobail, go háirithe i dtaca le féachaint le comhpháirtíochtaí nuálacha agus ceannródaíocha a thástáil maidir le seachadadh idir na hearnálacha poiblí agus príobháideacha, earnálacha inmheánacha agus seachtracha, eagraíochtaí tráchtála agus neamhbhrabúis lena n-áirítear tithe atá bocht ó thaobh fuinnimh de.

**Líonra Pobail:** Is éard atá i gceist leis an gclár Líonra Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe (SEC) ná acmhainní a fhorbairt i bpobail le soláthar a chumasú i dtionscadail fuinnimh inbhuanaithe mhórscála agus an t-aistriú a bhaint amach chuig pobail fuinnimh inbhuanaithe.Tá líonra náisiúnta Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe forbartha aige agus breis is 485 chomhalta ann faoi láthair. Tugann painéal de Mheantóirí Réigiúnacha agus Contae tacaíocht don Líonra SEC agus iad aimsithe agus bainistithe ag SEAI. Cuireann SEAI tacaíocht ar fáil freisin do phobail chun Máistirphlean Fuinnimh áitiúil a fhorbairt atá ina bhonnlíne maidir le húsáid fuinnimh sa phobal mar aon le clár de thionscadail oiriúnacha um fhuinneamh inbhuanaithe ar féidir leis an bPobal breithniú orthu sa todhchaí.

## NA NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – AR LEANÚINT

### 7.7 An Clár Forbartha Iarfheistithe

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Forbairt Córas & Clár TF | 1,058 | 901 |
| Seirbhísí Teicniúla & Iniúchtaí | 301 | 253 |
| Costais Eile | 213 | 49 |
| Comhairle Cliant | – | – |
| Costais Taistil | 3 | 19 |
| | **1,575** | **1,222** |

Tacaíonn Forbairt Iarfheistithe le forbairt níos leithne ar an Scéim Oibleagáide Éifeachtúlachta Fuinnimh de bhun Airteagal 7 den Treoir um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2012 agus an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh a chur i bhfeidhm. Áirítear leis seo riarachán agus bainistíocht creidmheasanna fuinnimh maidir leis an scéim oibleagáidí soláthraí fuinnimh agus tacaíocht chun cláir nua iarfheistithe a fhorbairt. Cuirfidh Treoir leasaithe maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (2018/2002) tús le tréimhse nua den Scéim Oibleagáide Éifeachtúlachta Fuinnimh (EEOS) in 2021 agus mairfidh sí go dtí 2030.

### 7.8 Maoiniú Fuinnimh Níos Fearr

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais Eisithe | 251 | 621 |
| Tuarascálacha Coimisiúnaithe | 43 | 44 |
| Oibríochtaí Clár Eile / Promóisean | 80 | 54 |
| Córais TF | 32 | 77 |
| Taisteal agus Cothabháil | 1 | 6 |
| | **407** | **802** |

Tionscnamh Rialtais is ea an tionscadal Maoiniú Fuinnimh Níos Fearr (BEF) a oibríonn chun réitigh mhargadhbhunaithe a shainaithint a d'fhéadfaí a fhorbairt mar mhalairt ar mhaoiniú díreach an Státchiste, nó in éineacht leis sin, agus an drogall a bhíonn ar thomhaltóirí fiacha a ghlacadh orthu féin as feabhsúcháin ar éifeachtúlachta fuinnimh a shárú. Cuirtear foghlaim ón gClár seo i bhfeidhm go díreach chun straitéis nua um sheachadadh iarfheistithe a fhorbairt.

### 7.9 Clár Tionsclaíochta agus Gnó

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| EXEED | 2,939 | 2,877 |
| Comhaontuithe Fuinnimh agus LIEN | 443 | 311 |
| Píolótaí Caipitil FBM | 34 | 1,301 |
| Éifeachtúlacht Fuinnimh a Chur Chun Cinn sa Ghnó | 230 | 155 |
| Costais Oibríochtúla ACA/E Triarach | 140 | 155 |
| Costas FBM & Tionscail Eile | 354 | 347 |
| Forbairt Córas TF & Costais Chothabhála | 304 | 224 |
| Costais Taistil | – | 17 |
| | **4,444** | **5,387** |

Tacaíonn an clár seo le hiarrachtaí i measc na n-earnálacha uile gnó chun glacadh le héifeachtúlacht fuinnimh a bhrostú. Baintear sin amach trí thacaíocht le deontais chaipitil, líonraí, oiliúint agus seirbhísí a chuireann bainistíocht struchtúrach fuinnimh chun cinn ar chaighdeán den chéad scoth, agus margaí á bhforbairt do sheirbhísí agus comhairle éifeachtúlachta fuinnimh.

Is scéim deimhniúcháin sócmhainní é SEAI EXEED Deimhnithe a thugann aghaidh ar fheidhmíocht fuinnimh agus carbóin ar feadh an tsaoil trí bhainistíocht Deartha Éifeachtúlachta Fuinnimh. Is féidir EXEED Deimhnithe a chur i bhfeidhm i ngnólacht ar bith laistigh d'earnálacha tráchtála, tionscail agus poiblí. Tacaíonn EXEED le bainistíocht dearaidh éifeachtúlachta fuinnimh trí dheontais i gcomhair dúshláin dearaidh agus infheistíochtaí caipitil atá ag teacht chun cinn a bhfuil spreagadh i gcomhair infheistíochta de dhíth orthu.

### 7.10 Éifeachtúlacht Fuinnimh san Earnáil Phoiblí

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais Chaipitil na hEarnála Poiblí | 8,125 | 8,419 |
| Seirbhísí Comhairleacha Cliant | 1,295 | 1,498 |
| Forbairt & Cothabháil Córas TF | 252 | 357 |
| Costais Oibríochtúla Eile | 287 | 247 |
| Costais Taistil | 8 | 25 |
| | **9,967** | **10,546** |

Cuireann an clár seo cleachtais struchtúracha bhainistíochta fuinnimh chun cinn agus soláthraíonn sé comhairle, meantóireacht agus oiliúint struchtúrach dhíreach maidir le héifeachtúlacht fuinnimh mar aon le saintacaíochtaí teicniúla d'eagraíochtaí san earnáil phoiblí. Áirítear leis struchtúr cuimsitheach i gcomhair comhlachtaí poiblí chun ídiú fuinnimh a thuairisciú agus a rianú. In 2020, leanadh ar aghaidh le ghníomhartha píolótacha chun cineálacha cur chuige a thástáil le haghaidh gníomhartha iarfheistithe i bhfoirgnimh an rialtais láir, i scoileanna, in uisce agus dramhaíl, agus san earnáil sláinte.

## 7.11 Clár na Scoileanna

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Clár na Scoileanna | 371 | 501 |
| | **371** | **501** |

Cabhraíonn clár scoileanna SEAI le dul i gcion ar mheon, creidimh agus iompraíochtaí leanaí bunscoile agus iar-bhunscoile maidir le fuinneamh inbhuanaithe. Cuimsíonn an clár meascán d'acmhainní teagaisc atá ailínithe de réir an churaclaim, ceardlanna idirghníomhacha daltaí, comórtais scoláirí agus oiliúint múinteoirí chomh maith le foilseacháin ábhartha a chruthú.

## 7.12 Faireachas Margaidh

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Faireachas Margaidh | 396 | 288 |
| Costais TF | 18 | 40 |
| Costais Taistil | 3 | 13 |
| | **417** | **341** |

Is Gníomhaire Bainistíochta é SEAI agus cuireann sé feidhmeanna faireachais margaidh i bhfeidhm thar ceann an Aire Cumarsáide, Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus Comhshaoil arb é an tÚdarás um Fhaireachas Margaidh. San áireamh leis an bhFaireachas Margaidh tá Ceanglais Éici-dheartha do Tháirgí a Bhaineann le Fuinneamh (Treoir 2009/125/CE ón AE), Faisnéis maidir le Lipéadú agus Táirgí Caighdeánacha do Tháirgí a Bhaineann le Fuinneamh (Treoir 2010/30/AE an AE) agus Lipéadú Bonn maidir le hÉifeachtúlacht Bhreosla agus Paraiméadair Riachtanacha Eile (Rialachán 1222/2009 CE).

## 7.13 Taighde, Forbairt agus Imlonnú Fuinnimh In-Athnuaite

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais Eisithe | 3,414 | 3,972 |
| Feidhmiú Cláir Eile | 144 | 40 |
| Forbairt & Cothabháil Córas TF | 30 | 22 |
| Staidéir/Tuarascálacha Coimisiúnaithe | 49 | 103 |
| Costais Taistil | 4 | 28 |
| | **3,641** | **4,165** |

Trí Chlár Maoinithe RD&D Fuinnimh Náisiúnta SEAI tacaítear le gníomhartha nuálacha agus spriocthа lena gcuidítear le tosaíochtaí beartais a sheachadadh lena n-áirítear iad siúd atá sonraithe sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide, i gClár an Rialtais agus i gCreat Aeráide agus Fuinnimh 2030.

Is iad cuspóirí uileghabhálacha Chlár Maoinithe RD&D Fuinnimh Náisiúnta SEAI forbairt agus imlonnú a luathú maidir le táirgí a bhaineann le fuinneamh in Éirinn, cuidiú le bacainní teicniúla a shárú, cumas taighde na hÉireann a fhorbairt agus tacaíocht a sholáthar don lucht ceaptha beartas agus torthaí ar thionscadail thacaithe á n-úsáid.

## 7.14 Fuinneamh Aigéin

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais Eisithe | 470 | 1,740 |
| Oibreacha ar Fochonradh | 1,439 | 1,859 |
| Costais Eile | 406 | 136 |
| Costais Taistil | 1 | 18 |
| | **2,316** | **3,753** |

Riarann an SEAI an Clár Fuinneamh Aigéin chun cinneadh beartais an Rialtais a chur i bhfeidhm chun dlús a chur le Fuinneamh Aigéin a fhorbairt in Éirinn faoi mar a leagtar amach sa Phlean Forbartha um Fhuinneamh In- Athnuaite Amach ón gCósta. Tríd an gclár tacaítear le comhordú náisiúnta agus Eorpach agus le láithreáin tástála taighde.

## NA NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – AR LEANÚINT

### 7.15 An Scéim Tacaíochta do Theas In-athnuaite

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais Eisithe | 12 | – |
| Technical Advice | 205 | 288 |
| Feidhmiú Cláir | 452 | 488 |
| Forbairt Córas TF | 80 | 328 |
| Taisteal agus Cothabháil | – | 1 |
| | **749** | **1,105** |

Tacaíonn an Scéim Tacaíochta do Theas In-athnuaite le córais teasa breosla iontaise a aistriú chuig teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite inghlactha, lena n-áirítear coire bithmhaise, córais teaschaidéil agus bhithbhreosla (díleá anaeróbach). Tá dhá mheicníocht tacaíochta ar fáil sa scéim - íocaíocht taraife mar chúnamh oibriúcháin do chóras teasa bithmhaise agus anaeróbach agus íocaíocht deontais mar chúnamh infheistíochta le haghaidh córas teaschaidéil. Ghlac an scéim le hiarratais den chéad uair in 2019 i ndiaidh an fhógra státchabhrach agus an phróisis faofa.

### 7.16 Anailís Bheartais Straitéisigh

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Feidhmiú Cláir | 351 | 576 |
| Taighde Coimisiúnaithe | 435 | 399 |
| Costais Taistil | – | 3 |
| Costais TF | 159 | 220 |
| | **945** | **1,198** |

Soláthraíonn an clár seo comhairle agus faisnéis neamhspleách ar shaincheisteanna teicniúla, airgeadais agus sóisialta a bhaineann le forbairt agus imlonnú fuinnimh inbhuanaithe. Tá an chomhairle seo curtha in oiriúint ag an SEAI chun dul i gcion ar fhorbairt bheartais fuinnimh inbhuanaithe in Éirinn.

### 7.17 Staitisticí agus Samhaltú Fuinnimh

| | | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| Taighde/Taighde Coimisiúnaithe | | 143 | 73 |
| Costais Eile | | 48 | 185 |
| Costais Taistil | | 5 | 29 |
| Forbairt & Cothabháil TF | 107 | 99 | |
| | | **303** | **386** |

Comhlíonann an clár seo freagracht an SEAI as staitisticí cuimsitheacha náisiúnta agus earnála a fhorbairt, a chothabháil agus a fhoilsiú i dtaobh táirgeadh, claochlú agus úsáid deiridh fuinnimh. Áirítear leis seo, chomh maith, staidéir mhionsonraithe shamhaltaithe agus anailís bheartais chun bonn fianaise neamhspleách a sholáthar chun tacú le ceapadh beartais náisiúnta, agus rannpháirtíocht i réimse gníomhaíochtaí plé beartais agus meastóireachta náisiúnta agus idirnáisiúnta.

### 7.18 Feithiclí Leictreacha

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais Eisithe | 25,666 | 22,339 |
| Costais Eile | 447 | 306 |
| Fógraíocht | 74 | (6) |
| Forbairt & Cothabháil Córas TF | 174 | 88 |
| Costais Taistil | – | 1 |
| | **26,361** | **22,728** |

Tá an clár seo ag tacú le teicneolaíocht feithiclí leictreacha agus bonneagar luchtaithe a úsáid i gcóras iompair na hÉireann agus cuireann sé cúnamh deontais ar fáil chun feithiclí leictreacha agus luchtairí baile a cheannach. Tugadh cúnamh deontais do 4,843 fheithicil leictreach breise agus do bhreis agus 3,500 luchtaire baile faoin gclár seo in 2020.

## 8. Leithreasaí

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam Conartha AE | 39 | 14 |
| Aisíocaíochtaí Deontais | 44 | 37 |
| Eile | 4 | 5 |
| | **87** | **56** |

Cuirtear cistí nach ón Státchiste a fhaigheann an SEAI ar ais chuig an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Ós rud é go n-aithnítear na cistí sin mar ioncam, aithnítear freisin dliteanas comhfhreagrach don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Áirítear na fáltais seo mar Leithreasaí-i-gCúnamh ar an Vóta.

Sonraítear sa nóta thuas an ghluaiseacht sa mhéid atá dlite don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide le linn 2020.

Fabhraítear Ioncam Conartha an AE (nóta 4) ar bhonn bliantúil agus is féidir leis athrú ó bhliain go bliain bunaithe ar dhul chun cinn nuashonraithe an chonartha.

## 9. Rátáil Fuinnimh Foirgneamh

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Oibriúchán Cláir Sheachfhoinsithe | 751 | 590 |
| Seachadadh agus Forbairt an Chláir | 157 | 287 |
| Dearbhú Cáilíochta | 899 | 1,050 |
| Tacaíocht & Cothabháil TF | 473 | 515 |
| Forbairt Córas TF | 139 | 624 |
| Costais Taistil | 3 | 12 |
| | **2,422** | **3,078** |

A inmníodh an SEAI mar an tÚdarás Eisiúna atá freagrach as measúnóirí BER a chlárú, uirlisí agus córais TF a sholáthar do mheasúnuithe, measúnuithe BER a logáil ar an gclár náisiúnta agus as bainistíocht agus cur chun cinn na scéime foriomláine.

Is ionann ioncam na scéime BER don bhliain agus €2,755,595 (2019: €3,270,675) ar fágadh brabús don bhliain de €333,798 (2019: (€193,225)).

## NA NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – AR LEANÚINT

### 10. Maoin, Gléasra agus Trealamh

| | TF Trealamh agus Bogearraí €'000 | Clár na nAigéan €'000 | Trealamh Oifige €'000 | Feistiú Foirgnimh €'000 | Mótar-fheithiclí €'000 | Talamh & Foirgnimh €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **COSTAS:** | | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2020 | 1,476 | 1,726 | 498 | 4,211 | 59 | 120 | 8,090 |
| Diúscairtí | (281) | – | – | – | – | – | (281) |
| Breiseanna | 283 | 12 | – | – | – | – | 295 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2020** | **1,478** | **1,738** | **498** | **4,211** | **59** | **120** | **8,104** |
| **DÍMHEAS:** | | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2020 | (1,069) | (1,720) | (173) | (454) | (24) | – | (3,440) |
| Diúscairtí | 281 | – | – | – | – | – | 281 |
| Muirear don Bhliain Reatha | (337) | (4) | (162) | (417) | (12) | – | (932) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2020** | **(1,125)** | **(1,724)** | **(335)** | **(871)** | **(36)** | **–** | **(4,091)** |
| **Iarmhéid Glanluacha de réir na leabhar amhail an 31 Nollaig 2020** | **353** | **14** | **163** | **3,340** | **23** | **120** | **4,013** |
| **Glanluach de réir na Leabhar amhail an 31 Nollaig 2019** | **407** | **6** | **325** | **3,757** | **35** | **120** | **4,650** |

## 11. Infháltais agus Réamhíocaíochtaí

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Tairiscint ar Choinséartó Dhún Dealgan | 32 | 32 |
| Ioncam Cómhaoinithe RERD&D | 197 | 277 |
| Infháltais EPBD | 260 | 252 |
| Réamhíocaíochtaí | 688 | 1,420 |
| Infháltais Eile | 78 | 80 |
| | **1,255** | **2,061** |

## 12. Suimeanna Iníoctha & Fabhruithe

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Suimeanna Iníoctha | 519 | 589 |
| Fabhruithe | 757 | 1,095 |
| Tionscadal Iomlánaíoch Dhún Dealgan 2020 | 94 | 92 |
| CBL & RCT | 1,247 | 1,210 |
| PSWT | 529 | 609 |
| ÍMAT/ÁSPC | 203 | 179 |
| Suimeanna Iníoctha Eile | 130 | 104 |
| Ioncam Iarchurtha | 739 | 744 |
| | **4,218** | **4,622** |

## 13. An Cuntas Caipitil

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | 4,650 | 328 |
| **AISTRIÚ (CHUIG AN) / ÓN RÁITEAS AR IONCAM AGUS AR CHAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM CHOIMEÁDTA** | | |
| An tsuim arna chaipitliú maidir le sócmhainní ceannaithe | 295 | 5,187 |
| Glanmhéid eisithe ar diúscairt | – | (2) |
| Amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní | (932) | (864) |
| | (637) | 4,321 |
| **Iarmhéid amhail deireadh na bliana** | **4,013** | **4,650** |

## 14. Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Cuntas Bainc Reatha | 10 | 10 |
| Cuntas Coigiltis | 2,325 | 2,665 |
| Cuntas EPBD | 1,833 | 1,574 |
| | 4,168 | 4,249 |
| Cuntas Cistí AE | 812 | 667 |
| | **4,980** | **4,916** |

Is é an Cuntas EPBD an cuntas bainc ainmnithe don chlár Rátáil Fuinnimh Foirgneamh (féach Nóta 9).

Is é SEAI an comhpháirtí nó an ceannaire maidir le roinnt tionscadal atá maoinithe ag an AE. Nuair a ghníomhaíonn SEAI mar cheannaire tionscadail, faightear cistí agus cuirtear ar aghaidh chuig gníomhaireachtaí eile iad. Baineann na cistí ar fad laistigh den chuntas seo leis na tionscadail seo de chuid an AE.

## 15. Costais Sochair Scoir

Oibríonn Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (an SEAI) scéimeanna neamhchistithe aoisliúntais le sochar sainithe don fhoireann. Tá na torthaí a leagtar amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach ar na dliteanais phinsin maidir le foireann fónaimh agus iarfhoireann an SEAI amhail an 31 Nollaig 2020. Thug achtúire neamhspleách cáilithe faoin luacháil seo ar mhaithe leis an gcaighdeán cuntasaíochta, Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais Uimh. 102 (FRS 102).

### A. Anailís ar Chostais Sochair Scoir a Gearradh ar Chaiteachas

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Costais Seirbhísí Reatha | 2,192 | 1,759 |
| Ús ar dhliteanais na scéime pinsin | 418 | 642 |
| Asbhaintí Aoisliúntais Foirne | (322) | (308) |
| **Costas Pinsin sa tréimhse** | **2,288** | **2,093** |

## NA NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – AR LEANÚINT

### B. Anailís ar Ghluaiseacht i nDliteanas i rith na bliana

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Dliteanas Scéime amhail an 1 Eanáir | 39,891 | 31,631 |
| Costais seirbhísí reatha | 2,192 | 1,759 |
| Costas úis | 418 | 642 |
| Caillteanas/(gnóthachtan) achtúireach | 5,530 | 6,193 |
| Sochair íoctha sa bhliain | (263) | (334) |
| **Dliteanas Scéime amhail an 31 Nollaig** | **47,768** | **39,891** |

### C. Cistiú Iarchurtha do Phinsin

Aithníonn SEAI na suimeanna seo mar shócmhainn atá comhfhreagrach don dliteanas neamhchistithe le haghaidh pinsean ar bhonn na sraithe toimhdí a ndéantar cur síos orthu thíos, mar aon le líon imeachtaí roimhe seo. Níl aon fhianaise ag SEAI nach leanfar ar aghaidh leis an mbeartas cistithe seo chun suimeanna dá samhail a chomhlíonadh i gcomhréir le cleachtas reatha.

| **Cistiú Iarchurtha Glan do Phinsin don Bhliain** | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Maoiniú in-aisghabhála maidir le costais phinsin na bliana reatha | 2,610 | 2,401 |
| Deontas Stáit ar phinsin phá | (263) | (334) |
| | **2,347** | **2,067** |

B'ionann an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin amhail an 31 Nollaig 2020 agus €47,768,000 (2019: €39,891,000).

### D. Stair gnóthachan agus caillteanas ó thaithí

| **Gnóthachain/ (Caillteanais) ó Thaithí ar an Scéim** | 2020 €'000 | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| Suim (€) | (647) | 553 | (554) |
| Céatadán luach reatha dhliteanais na scéime | (1.3%) | 1.4% | (1.7%) |
| Méid iomlán atá aitheanta sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | (5,530) | (6,193) | 34 |
| Céatadán luach reatha dhliteanais na scéime | 11.6% | 15.5% | 0.1% |

Is ionann an caillteanas carnach achtúireach a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus €23,401,000 (2019: €17,871,000).

## E. Cur Síos Ginearálta ar na Scéimeanna

Is socrú pinsin tuarastail deiridh sochair shainithe í scéim phinsin SEAI ag a bhfuil sochair agus ranníocaíochtaí a shainítear trí thagairt a dhéanamh do rialacháin "samhla" na scéime reatha san earnáil phoiblí. I gcás ranníocóirí ÁSPC aicme D soláthraíonn an scéim pinsean (an t-ochtódú cuid in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (na trí ochtódú cuid in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin chéile agus leanaí. I gcás ranníocóirí ÁSPC aicme A soláthraíonn an scéim pinsean (an dá chéadú cuid in aghaidh na bliana seirbhíse) suas go tairseach de 3 1/3 uair an ráta bliantúil uasta de phinsean ranníocach an stáit, aisce nó cnapshuim (na trí ochtódú cuid in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin chéile agus leanaí Is í an ghnáthaois scoir breithlá 65 bliain comhalta, agus tá comhaltaí atá ina gcomhaltaí ó thráth 2004 i leith i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ag 60 bliain d'aois. Tagann méadú ar phinsin atá á n-íoc (agus á n-iarchur) i gcomhréir le boilsciú ginearálta tuarastail na hearnála poiblí.

Is í an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (An Scéim Aonair) an scéim pinsin sochair shainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin ar ceapadh iad ar an 1 Eanáir 2013 nó i ndiaidh an dáta sin i gcomhréir leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Déantar foráil sa scéim ar chnapshuim pinsin agus scoir bunaithe ar luach saothair inphinsin ar an meán gairme, agus pinsin chéile agus leanaí. Is é an aois phinsin íosta ná 66 bliana (ag ardú de réir athruithe an Stáit ar aoiseanna pinsin). Airítear leis saoráid luathscoir arna laghdú ag achtúire ó aois 55. Tagann méadú ar phinsin a íoctar i gcomhréir leis an innéacs praghsanna do thomhaltóirí.

Bunaíodh an luacháil arna húsáid do nochtuithe FRS 102 ar luacháil iomlán achtúireach ar an 29 Eanáir 2021 a rinne achtúire neamhspleách cáilithe agus ceanglais an FRS á gcur san áireamh d'fhonn measúnú a dhéanamh ar dhliteanais na scéime amhail an 31 Nollaig 2020.

The main financial assumptions used were:

| | Amhail 31/12/20 | Amhail 31/12/19 | Amhail 31/12/18 |
|---|---|---|---|
| Ráta lascaine | 0.50% | 1.00% | 1.94% |
| An ráta méadaithe ar thuarastail | 2.70% | 2.80% | 3.10% |
| An ráta méadaithe ar phinsin | 1.40% | 1.50% | 3.10% |
| Boilsciú | 1.40% | 1.50% | 1.80% |

Seo a leanas na Táblaí ar Dhliteanais mhortlaíochta a úsáidtear:

| Gníomhach & Iarchurtha | Réamh-Scor | Iar-Scor |
|---|---|---|
| Fir | 73.0% of ILT15 | 58.0% of ILT15 |
| Mná | 77.0% of ILT15 | 62.0% of ILT15 |

Bunaithe ar na táblaí seo, is mar seo a leanas an t-ionchas saoil a bheidh ag aois 65 d'fhir agus do mhná sa todhchaí:

| | Pinsinéir reatha amach anseo (in 2020) | Pinsinéir ag aois 65 (in 2040) ag aois 65 |
|---|---|---|
| Fir | 21.8 bliain | 24.1 bliain |
| Mná | 24.2 bliain | 26.2 bliain |

## NA NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – AR LEANÚINT

### 16. Ceangaltais Deontais agus aisíocaíochtaí deontais

#### (i) Ceangaltais Deontais

Meastar gurb ionann na híocaíochtaí uasta amach anseo is dóchúla a éireoidh ó cheangaltais ina n-iontráiltear faoi scéimeanna éagsúla tacaíochta agus €87.54m (2019: €73.37m).

| | Geallta Amhail an 1 Eanáir 2020 €'000 | Geallta Le linn na tréimhse €'000 | Dígheallta €'000 | Íocaíochtaí €'000 | Geallta amhail an 31 Nollaig 2020 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH** | | | | | |
| Tithe Fuinnimh Níos Fearr | 15,303 | 23,039 | (8,919) | (17,078) | 12,345 |
| Iarfheistiú Domhain | 12,101 | 1,906 | – | (8,133) | 5,874 |
| EXEED | 3,066 | 4,138 | (541) | (2,721) | 3,942 |
| Deontais FBM | 462 | – | (430) | (32) | – |
| Éifeachtúlacht Fuinnimh san Earnáil Phoiblí | 928 | 11,021 | (355) | (7,858) | 3,736 |
| Fuinneamh Pobail | 14,375 | 27,767 | (2,577) | (17,611) | 21,954 |
| Maoiniú Fuinnimh Níos Fearr | 283 | – | – | (251) | 32 |
| **FUINNEAMH IN-ATHNUAITE** | | | | | |
| Fuinneamh In-athnuaite Taighde, Forbairt & Imlonnú | 14,433 | 557 | (562) | (2,986) | 11,442 |
| Aigéan | 1,426 | 340 | – | (481) | 1,285 |
| Scéim Tacaíochta do Theas In-athnuaite | 4,987 | 13,642 | – | (12) | 18,617 |
| **IOMPAR** | | | | | |
| Feithiclí Leictreacha | 6,170 | 32,290 | (4,525) | (25,626) | 8,309 |
| | **73,534** | **114,700** | **(17,909)** | **(82,789)** | **87,536** |

## 17. Nochtuithe ó Pháirtithe Gaolmhara

B'ionann an cúiteamh iomlán a íocadh leis an POF agus leis an mBord, lean n-áirítear táillí agus costais chomhaltaí an Bhoird agus luach saothair iomlán an POF agus €201,467 (2019: €211,346). Le haghaidh miondealú a fháil ar an luach saothair agus na sochair arna n-íoc le príomhphearsanra.

Ghlac an Bord le nósanna imeachta i gcomhréir le hAlt 18 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 agus i gcomhréir le treoirlínte arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ó Chomhaltaí Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo le linn na bliana. I gcomhréir le Beartas um Choinbhleacht Leasa SEAI, rinne seisear comhaltaí Boird leithscéal dóibh féin ó chinntí Boird i dtaca le moltaí deontais éagsúla SEAI, chun aon choinbhleacht leasa fhéideartha nó bhraite a sheachaint.

## 18. Táillí agus Costais Chomhaltaí an Bhoird

Íocann an SEAI táillí agus costais lena gcomhaltaí Boird i gcomhréir le rialacháin agus ciorcláin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Chuir SEAI cinneadh an Rialtais a rinneadh i Márta 2010 i dtaca le táillí do chomhaltaí Comhlachtaí Stáit i bhfeidhm. Déantar táillí comhaltaí Boird a shlánú go dtí an €'000 is gaire. Níor íocadh costais comhaltaí Boird ar bith in 2020 (2019: €318).

| Táillí Boird | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Julie O'Neill (a) | 3 | 12 |
| Anne Farrell (b) | – | – |
| Michael Wall (a) | 8 | 8 |
| Lisa Ryan (a) | 8 | 8 |
| Peter Brennan (a) | 8 | 8 |
| Joe O'Carroll (c) | 8 | 6 |
| Michael Mc Garry (d) | – | 6 |
| Kate Ruddock (f) | 8 | 8 |
| Kevin Brady (f) | – | – |
| Andrew Ennis (g) | 7 | 7 |
| Ann Markey (g) | 7 | 7 |
| Lean Doody (j) | 8 | 8 |
| Werner Kruckow (i) | 4 | – |
| Jim Gannon (h) | 3 | – |
| **Iomlán** | **72** | **78** |

## 19. Léasanna Oibriúcháin – Áitribh

Le linn 2019 d'athlonnaigh SEAI chuig príomhoifig nua i bPlás na dTrí Pháirc, Sráid Hatch, Baile Átha Cliath 2. Shínigh SEAI léas áitribh ar feadh 25 bliain, atá i bhfeidhm ón 14 Bealtaine 2018. Déanfar athbhreithniú ar an gcíos gach cúig bliana, agus beidh an chéad athbhreithniú ann cúig bliana ó Dháta Tosaithe Téarma an Léasa, an 14 Bealtaine 2023. Tá fo-oifigí ag an údarás atá lonnaithe i gCorcaigh, i nDún Dealgan agus i Sligeach.

Tá na híocaíochtaí íosta léasa do-chealaithe amach anseo seo a leanas ag an Údarás faoi léasanna oibriúcháin do gach ceann de na tréimhsí seo a leanas:

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Léasanna Oibriúcháin | | |
| Laistigh de 1 Bhliain | 1,999 | 1,951 |
| Laistigh d'idir 2 agus 5 bliana | 7,974 | 7,794 |
| Breis agus 5 Bliana | 32,355 | 35,342 |
| **Iomlán** | **42,329** | **45,087** |

Aithnítear Íocaíochtaí Léasa faoi léasanna oibriúcháin mar chostas thar an tréimhse a bhfaigheann an SEAI sochar ón áitreabh.

Ba í an íocaíocht léasa oibriúcháin a aithníodh mar chostas in 2020 €1,942,970 (2019: €1,759,700).

## 20. Figiúirí Comparáideacha

Rinneadh figiúirí áirithe comparáideacha don bhliain a athrangú agus a athléiriú ar an mbonn céanna agus iad siúd don bhliain reatha.

## 21. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar an 31 Márta 2021.



SUSTAINABLE ENERGY AUTHORITY OF IRELAND

ÚDARÁS FUINNIMH INMHARTHANA NA HÉIREANN

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

**Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann**
Plás na dTrí Pháirc,
Sráid Hatch Uachtarach,
Baile Átha Cliath 2
Ireland
D02 FX65

e info@seai.ie
w www.seai.ie
t +353 1 808 2100

@seai_ie

